Lúnasa 2024  QP26/IEM 02 ELE © QQI

# BEARTAS QQI.

## Cód Cleachtais chun Cláir Oideachais sa Bhéarla a Sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

QQI, gníomhaireacht chomhtháite um cháilíocht agus cháilíochtaí in Éirinn

# Cód Cleachtais chun Cláir Oideachais sa Bhéarla a Sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta


| Roinn | Teideal | Lch |
|---|---|---|
| **1.** | **RÉAMHRÁ** | **5** |
| **2.** | **TÚS EOLAIS** | **6** |
| 2.1 | Cé a chaithfidh cloí le Cód ELE? | 6 |
| 2.2 | Sainmhíniú ar fhoghlaimeoir idirnáisiúnta | 7 |
| 2.3 | Raon feidhme agus Ábhar Chód ELE | 7 |
| **3.** | **STRUCHTÚR CHÓD ELE** | **10** |
| **4.** | **CEANGLAIS REACHTÚLA GHINEARÁLTA** | **11** |
| 4.1 | Dearbhú cáilíochta | 11 |
| 4.2 | Rochtain, aistriú agus forchéimniú | 11 |
| 4.3 | Cláir ELE agus Clár Cáilíochtaí na hÉireann | 12 |
| 4.4 | Measúnú reachtúil dícheall cuí | 12 |
| 4.5 | Ceanglais maidir le cosaint d'fhoghlaimeoirí rollaithe (PEL); bailiú táillí; imréiteach cánach na soláthraithe; agus bainistiú acmhainní daonna | 12 |
| 4.5.1 | Bailiú táillí | 13 |
| 4.5.2 | Socruithe chun foghlaimeoirí cláraithe a chosaint (PEL) | 13 |
| 4.5.3 | Comhlíonadh cánach soláthraithe | 13 |
| 4.5.4 | Beartais agus nósanna imeachta soláthraithe maidir le bainistiú acmhainní daonna | 13 |
| **5.** | **CEANGLAIS MAIDIR LE FOIRGNIMH** | **14** |
| **6.** | **BAINISTIÚ OIBRÍOCHTA, RIOSCA AGUS ACMHAINNÍ DAONNA** | **16** |
| 6.1 | Bainistíocht sonraí | 16 |
| 6.2 | Rialachas corparáideach agus acadúil | 16 |
| 6.3 | Bainistíocht riosca | 17 |
| 6.4 | Bainistiú ar athrú agus bainistiú géarchéime | 17 |
| 6.5 | Comhpháirtíochtaí agus socruithe comhair | 17 |
| 6.6 | Acmhainní daonna | 18 |
| 6.6.1 | Earcú foirne | 18 |
| 6.6.2 | Coinníollacha fostaíochta | 18 |
| 6.6.3 | Cáilíochtaí na foirne acadúla | 19 |
| 6.7 | Bainistíocht acadúil oibríochtúil | 19 |
| 6.8 | Gearáin | 20 |

| | | |
|---|---|---|
| **7.** | **DEARADH CLÁIR** | **21** |
| 7.1 | Dearadh curaclaim, siollabais agus chlár an chúrsa/na scéime oibre | 21 |
| 7.2 | Córais mheasúnachta | 21 |
| **8.** | **TACAÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ D'FHOGHLAIMEOIRÍ IDIRNÁISIÚNTA** | **23** |
| 8.1 | Tacaíocht d'fhoghlaimeoirí agus leas foghlaimeoirí | 23 |
| 8.2 | Treoshuíomh agus ionduchtú foghlaimeoirí | 23 |
| 8.3 | Foghlaimeoirí a dteastaíonn víosa iontrála agus/nó cead inimirce uathu | 23 |
| 8.4 | Lóistín | 24 |
| 8.5 | Cosaint | 25 |
| 8.6 | Gnásanna gearán | 25 |
| **9.** | **MARGAÍOCHT AGUS EARCAÍOCHT** | **26** |
| 9.1 | Faisnéis mhargaíochta | 26 |
| 9.2 | Comhpháirtíochtaí le gníomhairí oideachais, comhpháirtithe agus sainchomhairleoirí earcaíochta | 28 |
| **10.** | **ROLLÚ, TÁILLÍ, AISÍOCAÍOCHTAÍ AGUS COTHABHÁIL** | **30** |
| 10.1 | Táillí agus téarmaí agus coinníollacha | 30 |
| 10.1.1 | Costais bhreise | 31 |
| 10.2 | Gnásanna rollaithe | 31 |
| Aguisín a hAon: | Measúnú reachtúil dícheall cuí | 32 |
| Aguisín a Dó: | Socruithe chun foghlaimeoirí cláraithe a chosaint (PEL) | 33 |
| Aguisín a Trí: | Ráiteas Londan 2012 | 34 |
| 1. | Réamhrá | 34 |
| 2. | Creat Eiticiúil | 35 |
| 3. | Prionsabail | 36 |
| Aguisín a Ceathair: | Íoscheanglais do mhúinteoirí ELE agus do bhainisteoirí acadúla | 37 |
| 1 | Múinteoirí ELE | 37 |
| 2 | Bainisteoirí acadúla | 41 |
| Aguisín a Cúig: | Íoscheanglais do sheirbhísí lóistín | 43 |
| 1 | Lóistín cónaí le teaghlach | 43 |
| 2 | Lóistín cónaithe | 44 |
| 3 | Faisnéis i dtaobh lóistín eile nach dtairgeann an soláthraí | 45 |
| Aguisín a Sé: | Acmhainní do sholáthraithe ELE | 46 |
| 1 | Ceanglais náisiúnta reachtúla agus treoir | 46 |
| 2 | Cóid idirnáisiúnta cleachtais agus dearbhaithe cáilíochta | 47 |
| 3 | Scéimeanna idirnáisiúnta dearbhaithe cáilíochta | 48 |
| 4 | Margaíocht agus earcaíocht | 48 |
| Aguisín a Seacht: | Acmhainní d'fhoghlaimeoirí | 49 |
| Aguisín a hOcht: | Gluais giorrúchán, acrainmneacha agus téarmaí | 50 |

## 1. RÉAMHRÁ

Bunaíodh QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) i Samhain 2012 leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012. Leagtar amach in Acht 2012 feidhmeanna QQI, lena n-áirítear cód cleachtais a bhunú chun cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar d’fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta, agus údarú marc oideachais idirnáisiúnta (IEM).

Leasaíodh Acht 2012 leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú), 2019. Is é Acht 2012 arna leasú[1] a dhéanfar tagairtí maidir le reachtaíocht as seo amach. Foráiltear in Acht 2012 arna leasú go bhfoilseoidh QQI cód cleachtais i cibé foirm agus cibé modh is cuí leis, agus go bhféadfaidh forálacha éagsúla a áireamh ann i leith soláthraithe éagsúla nó soláthraithe d’aicmí éagsúla.

Is é beartas QQI, atá leagtha amach ina Bheartas ar Údarú chun an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a Úsáid[2], ná dhá chód cleachtais a bhunú agus a fhoilsiú maidir le soláthraithe d’aicmí éagsúla:

- ceann do sholáthraithe ardoideachais (AO) agus
- ceann do sholáthraithe chláir oideachais sa Bhéarla (ELE).

Is é an doiciméad seo an cód cleachtais do sholáthróirí ELE (Cód HE) agus leagtar amach ann ionchais a bhaineann le soláthar oideachais, lena n-áirítear tacaíochtaí, atá ar fáil d’fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta in Éirinn atá rollaithe ar chláir ELE. Gabhann Cód ELE áit *Cód Cleachtais chun Clár Oideachais agus Oiliúna a Sholáthar d’Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta (2015) QQI.* Ba cheart Cód ELE a léamh i gcomhar leis na doiciméid seo a leanas:

- *Treoirlínte QQI um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Chláir Oideachais sa Bhéarla*[3]
- *Beartas* QQI *ar Údarú chun an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a Úsáid.*

Trí phróiseas comhairliúcháin a dhéantar beartas QQI a chur i dtoll a chéile. Gheofar sonraí faoi chreat comhairliúcháin agus próisis forbartha beartais QQI ar www.qqi.ie. Glacann an Bord le beartas QQI agus cuireann an feidhmeannas i bhfeidhm é dá réir.

1 Acht 2012 arna leasú Revised Acts (lawreform.ie)
2 [Reference to Policy on Authorisation to Use the International Education Mark when published]
3 [Reference to QA Guidelines for ELE when published]

## 2. RÉAMHRÁ

Tá an Cód ELE ar cheann de shraith beart, dá bhforáiltear in Acht 2012 arna leasú, atá deartha chun leasanna foghlaimeoirí idirnáisiúnta atá bainteach le córas oideachais agus oiliúna na hÉireann a chosaint.[4] Is é cuspóir Chód ELE a chinntiú go bhfaigheann foghlaimeoirí idirnáisiúnta a fhreastalaíonn ar institiúidí a léirigh go bhfuil Cód ELE á chomhlíonadh acu, agus a bhfuil údarú faighte acu chun an IEM a úsáid, eispéireas foghlama comhsheasmhach ar ardchaighdeán.

### 2.1 Cé a chaithfidh cloí le Cód ELE?

Ní mór do sholáthraithe ELE a chláraíonn foghlaimeoirí idirnáisiúnta ar chláir ELE an Cód ELE a chomhlíonadh chun críche údarú a fháil ón QQI chun an IEM a úsáid. Deimhneoidh comhlíonadh an Chóid ELE ag soláthraí, agus úsáid údaraithe an IEM, cáilíocht an tsoláthraí, cáilíocht a chláir ELE, agus cáilíocht eispéireas an fhoghlaimeora ar na cláir sin. Ina theannta sin, trína léiriú go bhfuil siad ag cloí leis na caighdeáin atá ann, cuirfidh an Cód ELE ar chumas soláthraithe ELE, ina n-aonair agus i dteannta a chéile, a gcion a dhéanamhchun dea-cháil na hÉireann as cláir oideachais sa Bhéarla chomh maith le hionracas an tsoláthair san earnáil ELE a chosaint.

Chomh maith le cáil na hÉireann maidir le hoideachas idirnáisiúnta a chothú agus a neartú, tacóidh an Cód ELE agus IEM le hardoideachas na hÉireann a chur chun cinn do mhic léinn thar lear agus le straitéisí náisiúnta teanga agus inimirce na hÉireann.

Aithnítear foghlaim an Bhéarla mar réimse dinimiciúil éagsúil breisoideachais a chuireann bonn agus taca faoi rochtain ar chláir oideachais eile as a leanann cáilíochtaí foirmiúla, agus críochnú na gclár sin, agus ar dheiseanna fostaíochta.

Aithnítear sa Chód ELE ról na hearnála ELE maidir le tuiscint idirnáisiúnta, ilchultúrthacht, ilteangachas, comhionannas, éagsúlacht, cuimsiú agus comhtháthú a luacháil agus a chur chun cinn. Tacaíonn sé le feabhas a chur ar thaithí ELE d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta. Cuireann an Cód ELE bonn ar fáil freisin chun creat cuimsitheach beartais a fhorbairt chun cláir a sholáthar d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta ag soláthraithe ELE in Éirinn. Ba cheart comhlíonadh an Chóid ELE a chomhtháthú i mbeartais agus nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta soláthraithe. Ba cheart go rannchuideodh sé freisin le cuir chuige institiúideacha chun eispéireas dearfach a sholáthar don fhoghlaimeoir ón gcéad phointe rannpháirtíochta go dtí an pointe scoir.

4 Seachas na Cóid ELE agus AO agus an IEM, áirítear leis na bearta freisin próiseas measúnaithe dícheall cuí do sholáthraithe príobháideacha (féach cuid 4.2 agus Aguisín a hAon thíos); scéim náisiúnta chun cosaint a thabhairt d'fhoghlaimeoirí atá cláraithe ar chláir arna seoladh ag soláthraithe príobháideacha (PEL), arna thacú ag ciste um chosaint foghlaimeoirí (féach cuid 4.3.1 agus Aguisín a Dó thíos); dámhachtainí a dhéanann ollscoileanna agus comhlachtaí dámhachtana ainmnithe eile mar aon le forais cháiliúcháin idirnáisiúnta, gairmiúla agus earnála a chuimsiú sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, agus bearta chun sláine acadúil chóras oideachais agus oiliúna na hÉireann a chosaint.

## 2.2 Sainmhíniú ar fhoghlaimeoir idirnáisiúnta

**Catagóirí foghlaimeoirí idirnáisiúnta a chuimsítear laistigh de raon Chód ELE**
Sainmhíníonn alt 2(1) d'Acht 2012 arna leasú foghlaimeoir idirnáisiúnta 'mar dhuine ach saoránach Éireannach é ach atá go dleathach sa stát chun oideachas agus oiliúint a fháil'. Maidir le cóid chleachtais a bhunú chun gur féidir le QQI soláthraithe a údarú chun an IEM a úsáid, sainítear tuilleadh le halt 60(1) den Acht céanna foghlaimeoir idirnáisiúnta mar dhuine:

- atá sa stát cláraithe ar chlár as a leanann dámhachtain atá san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC);

nó

- atá sa stát cláraithe ar chlár oideachais sa Bhéarla;

nó

- ar foghlaimeoir lasmuigh den stát é atá cláraithe ar chlár as a leanann dámhachtain a chuimsítear laistigh den CNC.

Ar mhaithe leis an gCód ELE seo a bhunú mar aon le ról QQI maidir le húdarú a thabhairt do sholáthraithe ELE an IEM a úsáid, áirítear na catagóirí foghlaimeoirí seo thíos sna sainmhínithe seo:

- foghlaimeoirí neamh-AE/LEE/Eilvéiseacha atá cláraithe ar chláir ELE, ar chláir bhonnbhliana agus ar chláir oiliúna múinteoirí a mhaireann 12+ seachtain;
- foghlaimeoirí neamh-AE/LEE/Eilvéiseacha atá cláraithe ar chláir ELE, ar bhonnchláir agus ar chláir oiliúna múinteoirí a mhaireann níos lú ná 12 sheachtain;
- foghlaimeoirí AE/LEE/Eilvéiseacha atá cláraithe ar chláir ELE, ar bhonnchláir agus ar chláir oiliúna múinteoirí d'aon fhad.

Ní chuimsíonn na sainmhínithe ar fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta thuas saoránaigh na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann. Faoin gcomhaontú um Chomhlimistéar Taistil[5] idir rialtais na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe, tugtar an ceart do shaoránaigh Éireannacha agus Briotanacha rochtain a fháil ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna, agus ar thacaíocht ghaolmhar do mhic léinn, i dtíortha a chéile, ar théarmaí nach lú fabhar ná na téarmaí sin. do shaoránaigh an stáit sin.

## 2.3 Raon feidhme and Ábhar Chód ELE

Go praiticiúil, is sraith riachtanas tairsí é an Cód ELE, go háirithe maidir le soláthar ELE d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta in Éirinn, a thógann ar láidreachtaí na gcóras dearbhaithe cáilíochta atá ann cheana agus a bhfuil straitéis náisiúnta mar bhonn agus taca leis. Agus na ceanglais tairsí sin á mbunú, baineadh leas as cleachtas éifeachtach náisiúnta agus idirnáisiúnta sa Chód ELE.

*(Féach Aguisín a Sé, Acmhainní do sholáthraithe ELE, le do thoil, le haghaidh naisc chuig cóid chleachtais idirnáisiúnta.)*

5 Meabhrán Tuisceana idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir leis an gComhlimistéar Taistil agus na cearta agus na pribhléidí cómhalartacha gaolmhara: Meabhrán- Tuisceana-Ire-version.pdf (dfa.ie).

Is earnáil í an earnáil ELE ina gcaithfidh soláthraithe cur chuige solúbtha agus lúfar a choinneáil chun riachtanais foghlaimeoirí, margaí atá ag teacht chun cinn agus forbairtí idirnáisiúnta a léiriú agus freagairt dóibh. Aithnítear sa Chód ELE gur féidir go n-athróidh riachtanais agus ionchais na bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta ó réamhchlárú go dtí imeacht dóibh, agus gurb iad na soláthraithe ELE iad féin, trína rannpháirtíocht lena bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta, atá in ann freastal ar na riachtanais éagsúla nó athraitheacha sin le linn shaolré an fhoghlaimeora. Aithnítear ann, leis, gurb iad soláthraithe ELE is fearr chun breithiúnas a thabhairt ar an gcaoi a gcuirtear critéir ar leith laistigh den Chód ELE i bhfeidhm i gcúinsí ar leith agus gur cheart critéir a chur i bhfeidhm go cuí agus go comhréireach i gcúinsí agus i gcomhthéacsanna soláthraithe éagsúla. Ina theannta sin, aithnítear i gCód ELE go bhfuil éagsúlacht shuntasach i misin institiúideacha, i gcláir agus i dtairiscintí seirbhíse agus cleachtas ar fud soláthraithe ELE. Mar shampla, díríonn roinnt soláthraithe ar sholáthar ELE d'fhoghlaimeoirí atá faoi ocht mbliana déag d'aois, agus b'fhéidir nach dtairgeann soláthraithe eile seirbhísí lóistín. Mar sin, d'fhéadfadh sé nach mbeidh ceanglais uile an Chóid ELE ábhartha do gach soláthraí ELE de riachtanas ach go mbeidh siad ag brath ar a gcúinsí agus ar an raon clár agus seirbhísí a thairgeann siad. Agus measúnú á dhéanamh acu ar chomhlíonadh an Chóid ELE chun críche iarratas a dhéanamh ar údarú chun IEM a úsáid, ba cheart do sholáthraithe aonair na critéir sa Chód ELE atá ábhartha dá ngníomhaíochtaí le foghlaimeoirí idirnáisiúnta a shainaithint go cúramach.

Ba cheart do sholáthraithe a thairgeann cláir bhonnbhliana idirnáisiúnta (IFY) agus soláthraithe ELE a bhfuil baint acu le comhpháirteanna de chláir IFY a sholáthar riachtanais Chóid ELE a mheasúnú de réir na gceanglas bailíochtaithe/ceadaithe cláir an fhorais cháiliúchain don chlár sin. Sa chás sin, ba cheart do sholáthraithe tagairt a dhéanamh do na ceanglais atá leagtha amach sa Chód ELE de réir mar is iomchuí d'eilimintí an tsoláthair ELE den bhonnchlár.

Aithnítear sa Chód ELE an ról tábhachtach is féidir a bheith ag soláthraí ELE ó thaobh cáilíocht eispéireas an fhoghlaimeora idirnáisiúnta a fheabhsú. D'fhéadfadh cur chuige den sórt sin tacú le heispéireas saibhrithe do gach foghlaimeoir, ball foirne agus páirtí leasmhar a bhfuil baint acu leis an soláthraí ELE, agus cabhrú le tuiscint idirnáisiúnta, ilchultúrthacht, iolteangachas, comhionannas, éagsúlacht, cuimsiú agus comhtháthú a chur chun cinn, chomh maith le heispéireas dearfach foghlama teanga.

Ba cheart do sholáthraithe ELE féachaint, leis, ar *Threoirlínte Reachtúla QQI um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Chláir Oideachais sa Bhéarla (Treoirlínte DC le haghaidh ELE)* agus iad ag ullmhú dá measúnú ar chomhlíonadh cheanglais an Chóid ELE. Forlíonann na treoirlínte seo an Cód ELE agus áirítear leo:

(a) treoirlínte um dhearbhú cáilíochta maidir le soláthar ELE agus bainistíocht acadúil;

(b) treoirlínte um dhearbhú cáilíochta maidir le forbairt curaclaim, siollabas; agus cláir chúrsa/scéimeanna oibre atá ar aon dul leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE);

(c) treoirlínte um dhearbhú cáilíochta maidir le measúnú ar chláir ELE.

Ba chóir do sholáthraithe ELE na treoirlínte reachtúla seo a leanas ó QQI a léamh, leis:

1. Croí-Threoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta arna gceapadh ag QQI d'úsáid na Soláthraithe uile
2. Treoirlínte Reachtúla Sain-earnála um Dhearbhú Cáilíochta arna gceapadh ag QQI le haghaidh Soláthraithe Neamhspleácha/Príobháideacha a thagann chuig QQI ar Bhonn Deonach
3. Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Clár Cumaisc agus ar Líne

## 3. STRUCHTÚR CHÓD ELE

Cuimsíonn an Cód ELE critéir atá le comhlíonadh ag soláthraithe arna n-eagrú faoi sheacht gcinn de chatagóirí:

- Ceanglais ghinearálta reachtúla;
- Ceanglais maidir le foirgnimh;
- Bainistiú oibríochta, riosca agus acmhainní daonna;
- Dearadh cláir;
- Tacaíochtaí agus seirbhísí d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta;
- Margaíocht agus earcaíocht
- Rollú, táillí, aisíocaíochtaí agus cothabháil

Taobh amuigh de na ceanglais ghinearálta reachtúla, a phléitear sa chuid seo a leanas, dírítear ar na catagóirí ar fad i gcuid 5 den Chód ELE. Cuirtear síos ar gach ceann acu i bhfoirm phrionsabal uileghabhálach le tacú ó shraith critéar. Is fiú a thabhairt faoi deara go mbaineann go leor de na critéir seo leis an gcaoi a ndéanann soláthraí cumarsáid le foghlaimeoirí idirnáisiúnta, baill foirne agus páirtithe leasmhara. Le chéile, aibhsíonn siad gur cheart do sholáthraithe iarracht fhócasaithe a dhéanamh cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go hionraic le foghlaimeoirí idirnáisiúnta, baill foirne agus páirtithe leasmhara eile maidir le sainriachtanais gach cohórt díobh.

Tá cúig aguisín sa Chód ELE freisin, mar seo a leanas:

- Áirítear in Aguisíní a hAon agus a Dó faisnéis ar bhearta gaolmhara um chosaint foghlaimeoirí;
- Atáirgtear in Aguisín a Trí téacs Ráiteas Londan, ráiteas prionsabail a aithnítear go hidirnáisiúnta maidir leis an tslí a ndéanann
- gníomhairí oideachais, comhpháirtithe agus sainchomhairleoirí earcaíochta mic léin idirnáisiúnta a earcú go heiticiúil. Déantar tagairt don doiciméad seo mar an tagarmharc riachtanach i gcuid 9.2 (c) den Chód ELE seo.
- Leagtar amach in Aguisín a Ceathair na híoscheanglais maidir le cáilíochtaí foirne acadúla;
- Leagtar amach in Aguisín a Cúig na híoscheanglais maidir le seirbhísí lóistín;
- Leagtar amach in Aguisín a Sé liosta tagairtí agus acmhainní do sholáthraithe. D'fhéadfadh go mbeadh spéis ag geallsealbhóirí eile sna hacmhainní seo freisin;.
- Leagtar amach in Aguisín a Seacht liosta tagairtí agus acmhainní d'fhoghlaimeoirí. D'fhéadfadh go mbeadh spéis ag geallsealbhóirí eile sna hacmhainní seo freisin;.
- Soláthraítear in Aguisín a hOcht gluais d'acrainmneacha, de ghiorrúcháin agus de théarmaí a úsáidtear sa téacs.

# 4. CEANGLAIS GHINEARÁLTA REACHTÚLA

## 4.1 Dearbhú cáilíochta

Agus an Cód ELE á agairt chun críche iarratas a dhéanamh ar údarú chun an IEM a úsáid, ní mór do sholáthraí ELE:

✓ nósanna imeachta do dhearbhú cáilíochta a bheith bunaithe acu faoi Alt 28 d'Acht 2012 arna leasú. Ba cheart go ndíreofaí, go cuí, ar cheanglais an Chóid ELE seo agus ar cheanglais Threoirlínte DC do Chláir Oideachais sa Bhéarla,

agus ar cheanglais eile maidir le húdarú chun an IEM a úsáid mar atá leagtha amach i gCuid 5 den Acht céanna.

Ag cuimhneamh ar an gceanglas sin, tógann an Cód ELE ar an gcleachtas earnála atá ann cheana féin agus ar bheartas QQI chun sraith fócasaithe caighdeán cáilíochta a bhunú chun gur féidir le soláthraithe ELE cláir ELE a sholáthar d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta sa stát. Comhlánaítear an Cód ELE leis na Treoirlínte DC maidir le ELE. Chun oiriúnacht a nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta a léiriú, ní mór do sholáthraithe ELE aird a thabhairt ar na critéir atá leagtha amach sna Treoirlínte DC do ELE agus iad a chomhlíonadh. Ba cheart do sholáthróirí an dá dhoiciméad a úsáid chun cleachtais a scrúdú agus chun réimsí a aithint ar gá iad a fhorbairt. Féadfar na doiciméid seo a úsáid freisin chun cabhrú le soláthraithe ELE ina n-iarrachtaí chun eispéireas foghlama dearfach a chinntiú d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta ón gcéad phointe teagmhála leis an soláthraí go dtí go bhfágann siad an clár ELE. Ba cheart comhlíonadh Chód ELE agus Threoirlínte DC a chomhtháthú i mbeartais agus nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta na soláthraithe ELE féin.

*(Féach, le do thoil, ranna 5-10 thíos, agus Treoirlínte DC maidir le ELE.)*

## 4.2 Rochtain, aistriú agus forchéimniú

Agus an Cód ELE á agairt chun críche iarratas a dhéanamh ar údarú chun an IEM a úsáid, ní mór do sholáthraí ELE:

✓ nósanna imeachta maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú a bheith bunaithe faoi Alt 56 d'Acht 2012 arna leasú.

Ba cheart go dtabharfaí aird sna nósanna imeachta sin ar leasanna agus ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta, agus ba cheart tagairt a bheith déanta iontu, ar bhealach cuí, don áit a gcuireann an soláthraí ELE faisnéis ar fáil faoi na conairí d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta maidir le tuilleadh staidéir, fostaíocht agus cónaitheacht, nuair is infheidhme.[6]

6 Chun críche an Chóid ELE seo, i gcomhthéacs an ELE, d'fhéadfadh go n-áireofaí samplaí d'aistriú rochtana agus de dhul chun cinn ó leibhéal CCTE amháin go leibhéal eile, bíodh sé leis an soláthraí ELE céanna nó le soláthraí eile, nó dul ar aghaidh ó sholáthraí ELE, tar éis clár a chríochnú go rathúil, chuig clár breisoideachais nó ardoideachais. I gcás foghlaimeoirí ó stáit AE, d'fhéadfadh úsáid an 'Europass': Home | Europass

## 4.3 Cláir ELE agus Clár Cáilíochtaí na hÉireann

Féadfaidh soláthraí ELE Cód ELE a agairt chun iarratas a dhéanamh ar údarú chun an IEM a úsáid má chomhlíonann gach clár ELE a thairgeann an soláthraí d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta ceanglais Chód ELE maidir le hailíniú clár ina shampla de rochtain, aistriú agus dul chun cinn a bheith: leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE).

Faoi alt 79 d'Acht 2012 arna leasú, coinníonn QQI bunachar sonraí, Clár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ), chun faisnéis údarásach a sholáthar ar na dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den CNC agus ar a gcláir ghaolmhara, agus maidir leis an IEM, ar chláir ELE, lena n-áirítear cláir as a leanann scrúduithe seachtracha inniúlachta. Comhoibreoidh soláthraithe ELE atá údaraithe chun an IEM a úsáid le QQI chun faisnéis a sholáthar a theastaíonn chun bunachar sonraí IRQ a líonadh.

## 4.4 Measúnú reachtúil dícheall cuí

Agus an Cód ELE á n-agairt chun críocha iarratas a dhéanamh ar údarú chun an IEM a úsáid, ní mór do sholáthraithe ELE a léiriú do QQI go gcomhlíonann siad critéir áirithe maidir le rialachas, airgeadas agus comhlíonadh an dlí (alt 29(B) d'Acht 2012 arna leasú). Is é cuspóir an cheanglais dícheall chuí seo dearbhú réasúnta a thabhairt do QQI go bhfuil an cumas agus an acmhainn ag na soláthraithe réamhluaite chun nósanna imeachta láidre um dhearbhú cáilíochta a chur i bhfeidhm, agus cláir chomhleanúnacha oideachais agus oiliúna a sholáthar.

Gheofar faisnéis bhreise ar an bpróiseas measúnaithe dícheall cuí in Aguisín a hAon den Chód ELE seo.

## 4.5 Ceanglais a bhaineann le foghlaimeoirí cláraithe a chosaint (PEL); bailiú táillí; comhlíonadh cánach na soláthraithe; agus bainistiú acmhainní daonna an tsoláthraí

Ceanglaítear le hAlt 60(6) d'Acht 2012 arna leasú go sonraítear sa Chód ELE ceanglais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- bailiú táillí ó fhoghlaimeoirí cláraithe;
- socruithe chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint;
- comhlíonadh cánach na soláthraithe;
- beartais agus nósanna imeachta soláthraithe maidir le bainistiú acmhainní daonna.

Dírítear ar na riachtanais seo ar an mbealach seo a leanas sa Chód ELE seo (rannáin 4.5.1-4.5.4 thíos).

#### 4.5.1 Bailiú táillí

Dírítear in alt 10 den Chód ELE seo thíos ar an gceanglas reachtúil maidir le bailiú táillí.

#### 4.5.2 Socruithe chun foghlaimeoirí cláraithe a chosaint (PEL)

Tá na socruithe reachtúla maidir le foghlaimeoirí rollaithe a chosaint leagtha amach in Aguisín a Dó den Chód ELE seo.

#### 4.5.3 Comhlíonadh cánach soláthraithe

Ní mór do sholáthraithe ELE a bheith lánchomhlíontach ó thaobh cánach de ar bhonn leanúnach. Dírítear ar an gceanglas seo i gcomhthéacs an mheasúnaithe reachtúil dícheall cuí dá dtagraítear thuas i gcuid 4.4, agus in Aguisín a hAon, den Chód ELE seo.

#### 4.5.4 Beartais agus nósanna imeachta soláthraithe maidir le bainistiú acmhainní daonna

Dírítear ar an gceanglas reachtúil seo maidir le beartais agus nósanna imeachta soláthraithe ELE do bhainistiú acmhainní daonna i gcomhthéacs an mheasúnaithe reachtúil dícheall cuí dá dtagraítear thuas i rannán 4.4, agus in Aguisín a hAon den Chód ELE seo. I gcomhthéacs an Chóid ELE seo, dírítear thíos i rannán 6 ar chritéir maidir le hacmhainní daonna.

## 5. CEANGLAIS MAIDIR LE FOIRGNIMH

**Prionsabal**

Tá an t-áitreabh oiriúnach chun cláir oideachais sa Bhéarla agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta, agus chun gur féidir le gach ball foirne a gcuid dualgas oibre a chomhlíonadh go héifeachtach.

**Ceanglaítear ar sholáthraithe ELE comhlíonadh na gcritéar seo a leanas a léiriú maidir le háitreabh:**

Tá gach lárionad ELE[7] oiriúnach chun cláir ELE a sholáthar d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta. I gcás gach lárionad ELE:

(i) tá cead pleanála aige le haghaidh úsáid oideachais*;

(ii) tá gach acmhainn riachtanach ann m.sh., sábháilteacht dóiteáin agus árachas*

(iii) is leor agus is oiriúnach an acmhainn do gach ball foirne agus do gach foghlaimeoir cláraithe san áitreabh ag aon am ar leith*;

(iv) tá teocht, aeráil agus solas oiriúnach ar fud an lárionaid*;

(v) tá na seomraí ranga oiriúnach ó thaobh méide do líon na bhfoghlaimeoirí agus na múinteoirí a shanntar do gach seomra ranga, tá dóthain solais agus fuaimíocht oiriúnach ann, agus tá siad feistithe go cuí chun ELE a sholáthar d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta*;

(vi) tá dóthain spáis oiriúnaigh curtha in áirithe don fhoireann acadúil amháin chun ceachtanna a phleanáil agus chun dul i gcomhairle le comhghleacaithe;

(vii) tá dóthain áiteanna oiriúnacha scíthe agus staidéir ann atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí;

7 Sainmhíniú ar 'lárionad' i gcomhthéacs ELE: sainmhínítear lárionad príomha sholáthraí ELE mar an t-áitreabh ina bhfuil na príomhfheidhmeanna agus foirne riaracháin agus acadúla suite. Féadfaidh an lárionad príomha feidhmiú as foirgneamh amháin nó níos mó laistigh den bhaile nó den chathair chéanna ach ní fhéadfaidh ach lárionad príomha amháin a bheith ag soláthraí ELE laistigh de bhaile nó cathair amháin. Ní mór feidhmeanna riaracháin agus acadúla agus foirne a mhacasamhlú i ngach foirgneamh de réir mar a oireann do riachtanais an fhoghlaimeora agus na foirne. Sainmhínítear lárionad sealadach mar lárionad a úsáidtear ag amanna áirithe den bhliain e.g. i rith an tsamhraidh, bíodh sé laistigh den bhaile nó den chathair chéanna nó i mbaile nó cathair eile sa stát. Ní mór feidhmeanna agus foirne riaracháin agus acadúla a lonnú i lárionaid shealadacha de réir mar is cuí do riachtanais an fhoghlaimeora agus na foirne. Sainmhínítear seomraí ranga sealadacha mar spásanna atá oiriúnach chun ELE a sholáthar go sealadach de réir mar is gá. Ní mór feidhmeanna agus foirne riaracháin agus acadúla a oireann do riachtanais an fhoghlaimeora agus na foirne a bheith lonnaithe san fhoirgneamh céanna leis na seomraí ranga sealadacha, nó sa lárionad príomha. Ní mór seomraí ranga sealadacha a bheith suite laistigh de chiliméadar amháin ón lárionad príomha. Sainmhínítear lárionad ar bith atá suite i mbaile nó cathair eile go dtí an lárionad príomha mar lárionad ar leith.

(viii) tá dóthain áiteanna scíthe oiriúnacha ann atá ar fáil don fhoireann;

(ix) tá dóthain áiseanna leithris ann do gach ball foirne agus do gach foghlaimeoir atá cláraithe san áitreabh ag aon am ar leith*;

(x) déantar é a chothabháil agus a ghlanadh go maith*.

*Tá feidhm ag na ceanglais seo freisin maidir le spásanna seomraí ranga sealadacha (féach an sainmhíniú ar 'lárionad' i gcomhthéacs ELE i bhfo-nóta 7 thíos)

*(Féach Aguisín a Sé le haghaidh faisnéise ar an dlí um chosaint tomhaltóirí.)*

## 6. BAINISTIÚ OIBRIÚCHÁIN, RIOSCA AGUS ACMHAINNÍ DAONNA

**Prionsabal**

Tá córais agus nósanna imeachta oibriúcháin, riosca agus bainistíochta acmhainní daonna oiriúnach don fheidhm, comhlíonann siad riachtanais oibríochtúla agus dearbhaithe cáilíochta an tsoláthraí ELE agus comhlíonann siad na ceanglais reachtúla go léir.

**Ceanglaítear ar sholáthraithe ELE comhlíonadh na gcritéar seo a leanas a léiriú i réimsí an bhainistithe oibriúcháin, riosca agus acmhainní daonna:**

### 6.1 Bainistíocht sonraí

(a) Stóráiltear na taifid go léir maidir le riarachán, cuntais, margaíocht, foireann, foghlaimeoirí, comhpháirtithe, cliaint, comhlaigh agus geallsealbhóirí eile go slán ar an gcóras bainistíochta.

(b) Tá rochtain teoranta do na baill foirne sin ar gá dóibh rochtain shonrach a bheith acu ar shonraí de réir mar a bhaineann lena ról.

(c) Tá córas stórála doiciméad tacaíochta i bhfeidhm sa chás go dteipeann ar an gcóras bainistíochta.

(d) Cloíonn gach córas bainistíochta sonraí le reachtaíocht GDPR.

*(Féach Aguisín a Sé, agus na Treoirlínte DC don ELE, cuid 2.1, Struchtúir Eagrúcháin, agus cuid 2.2, Bainistíocht agus Rialachas Cáilíochta)*

### 6.2 Rialachas corparáideach agus acadúil

(a) Cinntíonn soláthraithe ELE go mbíonn an chinnteoireacht acadúil neamhspleách ar ábhair thráchtála agus ar thionchar stiúrthóirí gnó, úinéirí, scairshealbhóirí, iontaobhaithe nó daoine eile, agus ní chuireann cinntí gnó isteach go míréasúnach ar shláine acadúil agus ar cháilíocht an tsoláthair ELE.

(b) Tá idirdhealú soiléir róil idir lucht rialachais chorparáidigh agus acadúil laistigh den eagraíocht agus tá coiste rialachais acadúil i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoimeádtar an t-idirdhealú seo.

(c) Léiríonn an chinnteoireacht acadúil leasanna na bhfoghlaimeoirí agus an tslí a ndéantar an cháilíocht acadúil laistigh den eagraíocht a choinneáil agus a bhreisiú.

(d) Féadfaidh comhaltaí sinsearacha den fhoireann acadúil sa lárionad a bheith ar an gcoiste rialachais acadúil. Mar sin féin, i gcás ina gciallaíonn scála an tsoláthraínach féidir leis tacú le scaradh an rialachais chorparáidigh agus an rialachais ná le coiste rialachais acadúil inmheánach, cuirtear socruithe malartacha i bhfeidhm chun maoirseacht oibiachtúil a chinntiu, amhail saineolas seachtrach ELE a úsáid.

## 6.3 Bainistíocht riosca

(a) Tá beartas um measúnú riosca agus plean um measúnú riosca i bhfeidhm, agus déantar athbhreithniú ar an dá cheann go tréimhsiúil chun bonn a sholáthar don phleanáil riosca straitéiseach.

(b) Áirítear le bainistíocht riosca nósanna imeachta chun a chinntiú nach mbíonn an soláthraí i mbun gníomhaíochtaí nó comhpháirtíochtaí a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de cháilíocht nó de shláine an tsoláthair ELE, nó na seirbhísí gaolmhara, a thairgtear.

## 6.4 Bainistiú ar athrú agus bainistiú géarchéime

Tá córais um bainistiú ar athrú agus bainistiú géarchéime i bhfeidhm atá oiriúnach don fheidhm agus a dhéanann soláthar do bhainistiú na n-athruithe riachtanacha nach mór a dhéanamh de réir mar is gá.

## 6.5 Comhpháirtíochtaí agus socruithe comhair

(a) I gcás ina n-eagraíonn nó ina dtugann soláthraí ELE clár a sholáthraítear go hiomlán nó go páirteach le soláthraí ELE eile, nó le soláthraí de chineál eile, e.g. ionad gníomhaíochta nó soláthraí lóistín, bunaíonn agus deimhníonn an soláthraí ELE comhaontuithe foirmiúla leis an soláthraí eile, lena n-áirítear nósanna imeachta comhthreomhara um dhearbhú cáilíochta leis an soláthraí sin.

(b) I gcás ina gcomhoibríonn soláthraí ELE le soláthraithe eile, tá nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm ag an soláthraí ELE chun socruithe comhoibrithe a cheadú le soláthraithe eile agus chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na socruithe sin.

(c) Déanann soláthraithe dícheall cuí agus cinntíonn siad go bhfuil siad ar an eolas faoi aon riosca clú dóibh féin agus don earnáil ELE a bhaineann le soláthraithe ionchasacha a bhfuil siad ag smaoineamh ar shocruithe comhoibrithe a dhéanamh leo.

(d) Ní théann soláthraithe ELE isteach in aon chomhpháirtíocht ghnó a d'fhéadfadh coinbhleacht a chruthú, amhail úinéireacht iomlán nó páirteach ar ghníomhaireacht fostaíochta a fhostaíonn foghlaimeoirí idirnáisiúnta, nó úinéireacht iomlán nó páirteach ar ghníomhaireacht a earcaíonn foghlaimeoirí idirnáisiúnta, cibé acu don soláthraí ELE lena mbaineann nó do sholáthraithe ELE eile.

(e) Aon leas gnó reatha de chuid an tsoláthraí ELE a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le coinbhleacht, amhail úinéireacht iomlán nó páirteach ar ghníomhaireacht fostaíochta a fhostaíonn foghlaimeoirí idirnáisiúnta, nó úinéireacht iomlán nó páirteach ar ghníomhaireacht a earcaíonn foghlaimeoirí idirnáisiúnta, cibé acu don soláthraí ELE lena mbaineann nó le haghaidh soláthraithe ELE eile. Sa chás seo, ceanglaítear ar sholáthraithe ELE a léiriú conas a chuirtear dícheall cuí i bhfeidhm chun aon riosca ionchasach don soláthraí ELE lena mbaineann, do sholáthraithe ELE eile, d'fhoghlaimeoirí an tsoláthraí ELE lena mbaineann nó do sholáthraithe ELE eile, nó don earnáil ELE a sheachaint.

(f) Dearbhaíonn soláthraithe ELE aon úinéireacht nó páirtúinéireacht ar sholáthar lóistín d'fhoghlaimeoirí agus cinntíonn siad go gcuirtear na príomhpháirtithe leasmhara ar fad, m.sh. mic léinn, gníomhairí oideachais agus múinteoirí, ar mian leo leas a bhaint as seirbhísí lóistín atá faoi úinéireacht iomlán nó páirteach an tsoláthraí, ar an eolas faoi sin sula ndéantar aon chonradh maidir le seirbhís lóistín leis an soláthraí.

*(Féach alt 9, Margaíocht, agus na Treoirlínte DC don ELE, cuid 2.2, Bainistíocht agus Rialachas ar Dhearbhú Cáilíochta)*

## 6.6 Acmhainní daonna

### 6.6.1 Earcú foirne

(a) Tá cur chuige córasach ann maidir le hearcú foirne atá cothrom, cuimsitheach agus trédhearcach.

(b) Cinntíonn an soláthraí ELE go bhfuil dóthain saineolais agus taithí ag an bhfoireann acadúil agus riaracháin chun a róil ainmnithe a chomhlíonadh, rud a bhreisíonn timpeallacht teagaisc agus foghlama na bhfoghlaimeoirí agus na foirne.

### 6.6.2 Coinníollacha fostaíochta

(a) Cloíonn téarmaí agus coinníollacha fostaíochta na mball foirne leis an reachtaíocht fostaíochta náisiúnta.

(b) Tá téarmaí agus coinníollacha, m.sh., luach saothair agus coinníollacha saoire, ag teacht le cáilíochtaí agus taithí na mball foirne.

(c) Léiríonn coinníollacha fostaíochta an ráiteas misin agus cuspóirí an tsoláthraí agus tacaíonn siad le tiomantas don fhoireann, d'fhoghlaimeoirí agus don eagraíocht.

(d) Tá conradh scríofa ag gach ball foirne, a nuashonraítear chun athruithe a léiriú, m.sh., róil, freagrachtaí, coinníollacha nó áit oibre.

(e) Tá jabthuairisc scríofa ag gach ball foirne, a léiríonn go cruinn róil agus freagrachtaí reatha an bhaill foirne, agus a nuashonraítear de réir mar a shainaithnítear riachtanais a thagann chun cinn.

*(Féach Aguisín a Sé le haghaidh sonraí ar cheanglais maidir le reachtaíocht fostaíochta.)*

### 6.6.3 Cáilíochtaí na foirne acadúla

a) Tá na cáilíochtaí agus an taithí chuí ag na múinteoirí go léir chun a ról sainithe a chomhlíonadh.

b) Tá na cáilíochtaí agus an taithí chuí ag gach bainisteoir acadúil chun a ról ainmnithe a chomhlíonadh.

*(Féach Aguisín a Ceathair le haghaidh sonraí ar riachtanais na foirne acadúla, agus na Treoirlínte DC don ELE, cuid 2.3, Struchtúir Bainistíochta Acadúla.)*

## 6.7 Bainistíocht acadúil oibríochtúil

(a) Tá cóimheas cuí idir foghlaimeoirí : múinteoir/múinteora oiliúnóra ann do gach clár ELE chun deiseanna rannpháirtíochta foghlaimeoirí agus bainistíocht éifeachtach ar an seomra ranga ag múinteoirí agus oiliúnóirí múinteoirí a chinntiú. Teastaíonn uaschóimheas de 16 foghlaimeoir : múinteoir/oiliúnóir múinteora amháin. I gcás grúpaí dúnta, teastaíonn uaschóimheas de 18 foghlaimeoir : múinteoir/oiliúnóir múinteora amháin. Maidir le cláir bhonnbhliana, teastaíonn uaschóimheas de 24 foghlaimeoir: múinteoir amháin.

(b) Ní bheidh feidhm ag an riachtanas seo i gcás spásanna breise atá lonnaithe faoi aon chiliméadar amháin den lárionad agus a úsáidtear do sheomraí ranga sealadacha.

8 Chun críche an Chóid ELE seo, sainmhínítear bainisteoir acadúil mar bhall foirne atá freagrach as bainistíocht acadúil ag soláthraí ELE. D'fhéadfadh go gciallódh sé seo bainistíocht ar roinn acadúil nó bainistíocht ar chuid, nó codanna, de roinn acadúil, amhail riarachán acadúil, oiliúint múinteoirí, forbairt múinteoirí, foghlaimeoirí óga agus déagóirí, grúpaí agus scrúduithe. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i róil/teidil bainisteoirí acadúla, ach níl sé teoranta dóibh: Príomhoide, Ceann Scoile, Ceann Oideachais, Stiúrthóir Oideachais, Stiúrthóir Staidéir, Stiúrthóir/Bainisteoir Acadúil, Stiúrthóir Cúnta Staidéir, Bainisteoir/Comhordaitheoir ar Fhoghlaimeoirí Óg agus Déagóirí, Comhordaitheoir/Bainisteoir Grúpa, Comhordaitheoir/Bainisteoir Scrúduithe, Ceann/Stiúrthóir Oiliúint Múinteoirí, Ceann/Stiúrthóir Forbartha Múinteoirí. I ngach cás, tá na cáilíochtaí agus an taithí chuí ag an mbainisteoir acadúil chun a ról ainmnithe a chomhlíonadh. Ag brath ar mhéid an tsoláthraí, d'fhéadfadh go mbeadh duine amháin nó níos mó ná bainisteoir acadúil amháin ann, ach ní mór go mbeadh bainisteoir acadúil atá cáilithe go cuí fostaithe ag an lárionad i gcónaí le freagracht as forbairt múinteoirí. *(Féach na riachtanais do bhainisteoirí acadúla in Aguisín a Ceathair).*

(c) Tá líon na mbainisteoirí acadúla in aghaidh an lárionaid i gcomhréir le líon na bhfoghlaimeoirí cláraithe sa lárionad. Teastaíonn uaschóimheas de 160 foghlaimeoir : bainisteoir acadúil amháin in aghaidh an lárionaid.

(d) Is féidir bainisteoirí acadúla a chur san áireamh ar an sceideal teagaisc agus oiliúna chun a chinntiú go mbíonn an cleachtas éifeachtach mar is ceart. Nuair a bhíonn íosmhéid de chúig ghrúpa foghlaimeoirí ELE ag lárionad, áfach, ní mór teagasc an bhainisteora acadúil a theorannú go cúig uair an chloig teagmhála in aghaidh na seachtaine ar a mhéad. D'fhéadfadh go n-áireofaí ar dhualgais an bhainisteora acadúil uaireanta múinteoireachta ionaid ó am go chéile, nuair is gá, suas le cúig uair an chloig déag teagmhála teagaisc in aon seachtain amháin ag aon am amháin. Thairis sin, ní mór múinteoir eile a earcú de réir mar is gá, agus ní mór don bhainisteoir acadúil filleadh ar uastréimhse cúig uair an chloig teagmhála in aghaidh na seachtaine.

(e) Ceadaítear uasmhéid de thríocha cinn de thréimhsí teagaisc seasca nóiméad ar sceideal gach múinteora sa tseachtain ag gach tráth den bhliain.[9]

(f) Tacaíonn curaclaim, siollabais agus cláir chúrsa/scéimeanna oibre dea-dheartha, atá ailínithe go soiléir agus go dlúth leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE) le sceidil teagaisc de thríocha cinn de thréimhsí teagaisc seasca nóiméad in aghaidh na seachtaine.

*(Féach na Treoirlínte DC maidir le ELE, cuid 2.4, Dearadh na gClár, Iarscríbhinn a hAon, Treoirlínte do Sholáthraithe ELE maidir le Cláir ELE a Ailíniú leis an gCreat Comhchoiteanna Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE), agus Iarscríbhinn a Dó, Treoirlínte do Mheasúnú i gCláir Oideachais sa Bhéarla.)*

## 6.8 Gearáin

(a) Tá beartas inmheánach gearáin i bhfeidhm do bhaill foirne, agus gnásanna doiciméadaithe agus línte soiléire cumarsáide agus cuntasachta mar chuid de. Tá rochtain ar ghnás gearáin seachtrach agus neamhspleách, lasmuigh de QQI, mar chuid den phróiseas seo mura mbaineann próisis inmheánacha amach réiteach a nglactar leis go frithpháirteach.

(b) Sa chás go bhfuil cleachtais fostaíochta i gceist sa ghearán, tugtar an t-údarás státcheaptha isteach sa phróiseas.

*(Féach Aguisín a Sé le haghaidh sonraí ar reachtaíocht fostaíochta, agus na Treoirlínte DC don ELE, cuid 2.3, Struchtúir Bainistíochta Acadúla.)*

9 Beidh feidhm ag an gceanglas seo maidir le gach ball foirne teagaisc a earcaítear ón tráth a chuirtear isteach iarratas tosaigh an tsoláthraí ELE ar údarú chun an IEM a úsáid. Ní bhainfidh an riachtanas seo le baill foirne teagaisc atá ann cheana féin a bhfuil sceidil acu a sháraíonn tríocha cinn de thréimhsí teagaisc seasca nóiméad in aghaidh na seachtaine. Mar sin féin, beidh ar sholáthraithe an riachtanas seo a chomhlíonadh do gach múinteoir don dara timthriall údarúcháin trí bliana.

## 7. DEARADH CLÁIR

**Prionsabal**

Tá creat clár soiléir agus dea-dheartha i bhfeidhm, ina bhfuil an curaclam, na siollabais/na siollabais, cláir an chúrsa agus na creataí measúnaithe ailínithe go soiléir agus go dlúth leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE), agus freastalaíonn siad ar riachtanais foghlaimeoirí.

**Ceanglaítear ar sholáthraithe ELE comhlíonadh na gcritéar seo a leanas a léiriú i réimsí dearadh clár:**

### 7.1 Dearadh curaclaim, siollabais agus chlár an chúrsa/na scéime oibre

(a) Tá curaclam, siollabas agus clár an chúrsa/creat na scéime oibre i bhfeidhm a dhéanann foireann acadúil shinsearach cuícháilithe agus a bhfuil taithí chuí acu a fhorbairt agus a bhainistiú.

(b) Tá curaclam, siollabas agus dearadh clár/scéim oibre an chúrsa ailínithe go soiléir agus go dlúth leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE), le torthaí foghlama atá sainithe go soiléir atá curtha in iúl i dtuairisceoirí 'is féidir a dhéanamh'.

(c) Forbraítear an curaclam, an siollabas agus cláir/scéimeanna oibre an chúrsa ag smaoineamh ar riachtanais agus ábhair spéise an fhoghlaimeora.

(d) Déantar an curaclam, an siollabas agus cláir/scéimeanna oibre an chúrsa a nuashonrú de réir mar is cuí, ag brath ar mhodheolaíochtaí atá ag athrú agus ar riachtanais an fhoghlaimeora.

(e) Faomhann an coiste rialachais acadúil, nó na saineolaithe seachtracha ELE, de réir mar is cuí do chomhthéacs an tsoláthraí ELE, curaclam, siollabas agus clár/scéim oibre an chúrsa agus déantar formheasanna a dhoiciméadú.

### 7.2 Córais mheasúnaithe

(a) Tá creat measúnaithe i bhfeidhm a fhorbraíonn agus a bhainistíonn foireann acadúil shinsearach atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí acu.

(b) Tá an creat measúnaithe ailínithe go soiléir agus go dlúth leis na torthaí foghlama atá beartaithe do gach siollabas/clár cúrsa ELE, arna chur in iúl i dtuairisceoirí 'is féidir a dhéanamh' ón CCTE, nó arna oiriúnú ón CCTE.

(c) Áirítear sa chreat measúnaithe meicníochtaí tástála atá cothrom, soiléir agus intuigthe, agus déantar machnamh go cuí ar phrionsabail na bailíochta, na hiontaofachta agus an tionchair.

(d) Tá an creat measúnaithe in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora, m.sh., ardoideachas nó fostaíocht, de réir mar is cuí.

(e) Déantar an creat measúnaithe a nuashonrú de réir mar is cuí, ag brath ar chleachtais, cineálacha cur chuige agus riachtanais an fhoghlaimeora atá ag teacht chun cinn.

(f) Formheasann an coiste um rialachas acadúil, nó na saineolaithe seachtracha ELE, an creat measúnaithe, de réir mar is cuí do chomhthéacs an tsoláthraí ELE, agus déantar formheasanna a dhoiciméadú.

(g) Tá nósanna imeachta agus córais i bhfeidhm chun slándáil agus sláine an phróisis mheasúnaithe a bhainistiú.

*(Féach na Treoirlínte DC maidir le ELE, cuid 2.4, Dearadh na gClár, Iarscríbhinn a hAon, Treoirlínte do Sholáthraithe ELE maidir le Cláir ELE a Ailíniú leis an gCreat Comhchoiteanna Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE), agus Iarscríbhinn a Dó, Treoirlínte do Mheasúnú i gCláir Oideachais sa Bhéarla.)*

# 8. TACAÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ D'FHOGHLAIMEOIRÍ IDIRNÁISIÚNTA

**Prionsabal**

Léiríonn na coinníollacha d'fhoghlaimeoirí misean agus cuspóirí eagraíochtúla an tsoláthraí ELE agus tacaíonn siad le soláthar ELE ar ardchaighdeán agus le seirbhísí gaolmhara d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta. Cothaíonn soláthraithe timpeallacht ina dtacaítear le folláine agus lánpháirtiú na bhfoghlaimeoirí uile i bpobal na mac léinn agus cinntíonn sé eispéireas foghlama dearfach d'fhoghlaimeoirí.

**Ceanglaítear ar sholáthraithe ELE na critéir seo a leanas a chomhlíonadh i réimsí tacaíochtaí agus seirbhísí d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta:**

## 8.1 Tacaíocht agus leas foghlaimeora

(a) Tá ball/baill foirne atá oilte go cuí freagrach as tacaíocht agus leas foghlaimeora.

(b) Tá Beartas Tacaíochta Leasa i bhfeidhm ag soláthraithe atá deartha chun tacú le foghlaimeoirí idirnáisiúnta i gcásanna éigeandála nó cruatain.

## 8.2 Treoshuíomh agus ionduchtú foghlaimeoirí

(a) Seoltar faisnéis treoshuímh tosaigh chuig foghlaimeoirí sula dtosaíonn siad an cúrsa, m.sh. seirbhísí iompair agus lóistín.

(b) Cinntíonn soláthraithe go gcuirtear ionduchtú ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar shroicheadh an lárionaid dóibh agus go mbíonn sé oiriúnach agus intuigthe do gach foghlaimeoir.

(c) Bíonn grúpaí foghlaimeoirí comhdhéanta de dhaoine a labhraíonn teangacha éagsúla chun deiseanna d'fhoghlaim an Bhéarla a bharrfheabhsú. Nuair nach féidir é seo a dhéanamh, cinntíonn soláthraithe ELE go bhfuil foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara eile ar an eolas faoi seo roimh chlárú.

*(Féach alt 9, Margaíocht agus Earcaíocht.)*

## 8.3 Foghlaimeoirí a dteastaíonn víosaí iontrála agus/nó cead inimirce uathu.[10]

(a) Tá ionduchtú breise agus scaipeadh faisnéise ag teastáil d'fhoghlaimeoirí nach ón AE/LEE iad a dteastaíonn víosaí iontrála agus/nó cead inimirce uathu. Ní mór don ionduchtú seo a bheith soiléir agus intuigthe agus réimsí áirithe, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas. a bheith ann:

10 Gheofar an fhaisnéis ábhartha ag https://www.irishimmigration.ie/coming-to-study-in-ireland/

(ii) víosaí iontrála agus/nó coinníollacha ag gabháil le cead inimirce

(iii) tinreamh agus poncúlacht

(iv) asláithreachtaí agus iarmhairtí, cur amach as an gcoláiste san áireamh

(v) saoire bhreoiteachta agus mhéala

(vi) laethanta saoire

(vii) measúnú

*Féach na Treoirlínte DC maidir le ELE, cuid 2.5, Tacaíochtaí agus Seirbhísí d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta.)*

## 8.4 Lóistín

(a) Comhlíonann gach lóistín a chuireann soláthraithe ELE ar fáil ceanglais Chóid ELE.

(b) Cuireann soláthraithe ELE comhairle ar fáil freisin maidir le lóistín a fháil nach bhfuil ar fáil ó sholáthraithe.

(c) Dearbhaíonn soláthraithe ELE aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann: i gcás go bhfuil an lóistín faoi úinéireacht/bhainistíocht an tsoláthraí ELE, nó chomhpháirtí de chuid an tsoláthraí, ní mór é seo a dhearbhú d'fhoghlaimeoirí agus do pháirtithe leasmhara eile sula gcuireann siad an lóistín in áirithe.

(d) Cinntíonn soláthraithe ELE go bhfuil an lóistín ar fad a chuireann soláthraithe ar fáil d'fhoghlaimeoirí oiriúnach agus cuí d'fhoghlaimeoirí chun cónaí agus staidéar a dhéanamh inti go compordach.

(e) Cinntíonn soláthraithe ELE go bhfuil an fhaisnéis ar fad a sheoltar chuig foghlaimeoirí, gníomhairí oideachais, comhpháirtithe earcaíochta, sainchomhairleoirí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile soiléir, cruinn, trédhearcach, intuigthe, ábhartha agus cothrom le dáta. Nuair a d'fhéadfadh fadhb a bheith ann maidir le lóistín oiriúnach a aimsiú d'fhoghlaimeoirí, cinntíonn soláthraithe go gcuirtear an t-eolas seo ar fáil d'fhoghlaimeoirí, gníomhairí oideachais, comhpháirtithe earcaíochta, sainchomhairleoirí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile, sula gcláraíonn foghlaimeoir ar an gclár.

*(Féach Aguisín a Cúig le haghaidh riachtanais maidir le lóistín a chuireann soláthraithe ELE ar fáil.)*

## 8.5 Cumhdach

(a) Tá soláthraithe ELE a earcaíonn foghlaimeoirí ar mionaoisigh iad freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar gach oibleagáid reachtach maidir leis na réimsí seo a leanas:

(i) cumhdach

(ii) grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do gach ball foirne ábhartha a oibríonn le foghlaimeoirí ar mionaoisigh iad;

(iii) oiliúint oiriúnach chumhdaithe do gach ball foirne lena mbaineann. I gcás ina bhfuil comhaontuithe ag soláthraithe ELE le soláthraithe lóistín seachtracha, tá an soláthraí ELE freagrach as a chinntiú go bhfuil grinnfhiosrúchán an Gharda curtha i gcrích ag gach ball foirne ábhartha den soláthraí lóistín.

(b) Tá polasaí agus nósanna imeachta um chosaint i bhfeidhm, agus ball foirne tiomnaithe chun gach réimse de leas agus cosaint leanaí a bhainistiú, lena n-áirítear oiliúint chumhdaigh fhaofa riachtanach do gach ball foirne ábhartha.

(c) I gcás ina measctar mionaoisigh le daoine fásta, cibé acu sa ghrúpa dúnta céanna, sa rang céanna nó san fhoirgneamh céanna, tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag soláthraithe, lena n-áirítear cead a fháil ó thuismitheoirí/ chaomhnóirí i gcás ina gcuirtear mionaoisigh sa rang le daoine fásta.

*(Féach Aguisín a Sé le haghaidh ceanglais maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.)*

## 8.6 Gnásanna gearáin agus casaoide

(a) Tá polasaí gearáin agus casaoide inmheánach soiléir agus intuigthe i bhfeidhm d'fhoghlaimeoirí agus do pháirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go réitítear saincheisteanna go héifeachtach.

(b) Mura dtagtar, trí na gnásanna gearáin agus casaoide inmheánacha, ar réiteach a nglactar leis go frithpháirteach, beidh teacht ar ghnás neamhspleách, arna bhunú ag an soláthraí ELE, nó ag grúpa ionadaíoch, agus neamhspleách ar an QQI, mar chuid den phróiseas seo.

## 9. MARGAÍOCHT AGUS EARCAÍOCHT

**Prionsabal**

Earcaíonn soláthraithe ELE foghlaimeoirí idirnáisiúnta, cibé acu go díreach nó le gníomhairí earcaíochta, ar bhealach trédhearcach eiticiúil. Cinntíonn siad go gcuirtear faisnéis atá soiléir, cruinn, trédhearcach, intugthe, ábhartha agus cothrom le dáta ar fáil i ngach ábhar margaíochta agus poiblíochta.

**Ceanglaítear ar sholáthraithe ELE comhlíonadh na gcritéar seo a leanas a léiriú i réimsí na margaíochta agus na hearcaíochta:**

### 9.1 Eolas margaíochta

(a) Cinntíonn soláthraithe ELE go bhfuil eolas soiléir, cruinn, trédhearcach, sothuigthe, ábhartha agus cothrom le dáta ar fáil d’fhoghlaimeoirí, gníomhairí oideachais, comhpháirtithe earcaíochta, comhairleoirí agus páirtithe leasmhara eile i ngach ábhar poiblíochta agus ar an suíomh Gréasáin.

(b) Soláthraithe ELE

(i) dícheall a dhéanamh go réamhghníomhach le tuiscint a fháil ar riachtanais faisnéise foghlaimeoirí idirnáisiúnta ionchasacha, gníomhairí oideachais, comhpháirtithe earcaíochta, sainchomhairleoirí agus geallsealbhóirí eile;

(ii) cinnteofar go mbeidh an fhaisnéis a chuirtear ar fáil d’fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta ionchasacha faoin soláthraí agus a gcláir agus faoi sheirbhísí eile soiléir, cruinn, trédhearcach, intuigthe, ábhartha agus cothrom le dáta. Áirítear leis sin faisnéis faoin gcuspóir atá beartaithe don chlár ELE e.g. foghlaimeoir a ullmhú le haghaidh tuilleadh staidéir, scrúdú inniúlachta ELE nó fostaíocht shonrach, a bhfuil torthaí foghlama beartaithe i gceist leis;

(iii) a chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis ar fad ar fáil ar bhealach atá intuigthe d’fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta agus a chuidíonn leo cinntí eolasacha a dhéanamh. Ba cheart go dtacódh an t-eolas seo le foghlaimeoirí idirnáisiúnta chun gach ábhar a bhaineann le clár a thuiscint sula gcláraítear iad. Má chuirtear ar fáil i dteanga eile seachas Béarla é, tá an soláthraí ELE freagrach as a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis soiléir, cruinn, trédhearcach, intuigthe, ábhartha agus cothrom le dáta;

(iv) más cuí, ba chóir an fhaisnéis ar aitheantas do scrúduithe'inniúlachta ELE, sa stát agus go hidirnáisiúnta araon, a chur ar fáil.

(v) léiriú cruinn a thabhairt ar a gcuideachta agus ar a n-áiseanna i ngach ábhar margaíochta agus poiblíochta agus a chinntiú nach dtugtar aon fhaisnéis bhréagach nó míthreorach go follasach nó le fios. Mar shampla, má tá an dóchúlacht ann go bhféadfadh sceideal ceachtanna ELE a bheith ag foghlaimeoir ar maidin, seachas um thráthnóna, mar a bhíothas ag súil leis, go gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil.

(vi) sonraí teagmhála a sholáthar do dhuine/daoine cuí chun cúnamh a sholáthar le fiosrúcháin ó fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta roimh chlárú, m.sh., an t-oifigeach clárúcháin nó an t-oifigeach leasa mac léinn;

(vii) sonraí a sholáthar faoi na socruithe atá i bhfeidhm chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint faoi Alt 65 d'Acht 2012 arna leasú.

*(Féach cuid 4.5.2 thuas agus Aguisín a Dó, Socruithe chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint, thíos.)*

(c) Áirítear leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil ar ábhair mhargaíochta na nithe seo a leanas, ach níl sé teoranta dóibh:

(i) sonraí na seirbhísí go léir a thairgeann an soláthraí ELE;

(ii) dátaí reatha na gclár, féilire acadúil reatha agus faisnéis faoi ghnásanna rollaithe;

(iii) faisnéis maidir le struchtúr corparáideach na heagraíochta, i.e., más eagraíocht neamhspleách í, brainse de chuideachta idirnáisiúnta nó ilnáisiúnta, soláthraí ag a bhfuil roinnt lárionad, go náisiúnta agus/nó go hidirnáisiúnta, nó cuid de d'eagraíocht saincheadúnais;

(iv) comhlachtaí creidiúnaithe, cumainn, eagraíochtaí nó comhlachtaí scrúdaithe a bhfuil soláthraithe ELE ina gcomhaltaí díobh, nó a n-aithníonn iad. Léirítear iad seo go soiléir agus go cruinn ionas gur féidir le foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara eile iad a thuiscint go héasca. I gcás inar cuí, cuirtear naisc ghréasáin chuig comhlachtaí creidiúnaithe, comhlachais, eagraíochtaí nó comhlachtaí scrúdúcháin ar fáil, chomh maith le haon uimhreacha lárionaid nó stádas cleamhnaithe;

(v) idirdhealú a dhéanamh idir lógónna nó marcanna a léiríonn cibé an dtairgeann an soláthraí ELE clár as a leanann dámhachtain shonrach ELE, an lárionad údaraithe d'fhoras scrúdúcháin é, an comhalta de chumann nó eagraíocht é, nó an bhfuil sé creidiúnaithe ag eagraíocht nó ag comhlachas, agus dá bhrí sin údaraithe chun lógó, marc, uimhir an lárionaid nó ainm an lárionaid a úsáid chun é seo a dhearbhú;

(vi) faisnéis faoi riachtanais ghaolmhara d'fhoghlaimeoirí a bhfuil víosaí iontrála agus/nó ceadanna inimirce de dhíth orthu, nuair is ábhartha;

(vii) faisnéis chuimsitheach, nuair is cuí, maidir le bonnchláir agus cláir chosáin maidir le hiontráil isteach i gcláir ardoideachais. Ba chóir go mbeadh an fhaisnéis iontrála agus faoi dhul ar aghaidh agus a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta ionchasacha a bheith soiléir, cruinn, trédhearcach, intuigthe, ábhartha agus cothrom le dáta;

(viii) eolas ar chomhdhéanamh tipiciúil na gcainteoirí céadteanga sa lárionad. Sa chás go bhfuil tromlach de ghrúpa foghlaimeoirí céadteanga amháin sa lárionad, déantar é seo a chur in iúl go soiléir d'fhoghlaimeoirí, do thuismitheoirí, do ghníomhairí oideachais, do chomhpháirtithe earcaíochta agus do chomhairleoirí, chomh maith le páirtithe leasmhara eile, roimh chlárú;

(ix) faisnéis maidir leis na cineálacha lóistín a chuireann an soláthraí ar fáil, atá soiléir, cruinn, trédhearcach, intuigthe, ábhartha agus cothrom le dáta.

Déantar faisnéis maidir le hinfhaighteacht lóistín, cibé acu a sholáthraíonn an soláthraí ELE nó nach soláthraíonn, a chur in iúl go soiléir d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta agus do gheallsealbhóirí eile roimh chlárú;

(x) faisnéis maidir leis an ngnás gearáin agus casaoidí.

## 9.2 Comhpháirtíochtaí le gníomhairí oideachais, comhpháirtithe earcaíochta agus sainchomhairleoirí

(a) Tá comhaontú scríofa cothrom le dáta ag soláthraithe ELE le gach gníomhaire oideachais, comhpháirtí earcaíochta agus sainchomhairleoir a dhéanann ionadaíocht fhoirmiúil ar an soláthraí ELE.

(b) Déanann soláthraithe ELE dícheall cuí, m.sh., trí cinn de sheiceálacha teistiméirí, chun cuntas teiste gníomhairí oideachais ionchasacha, comhpháirtithe earcaíochta agus sainchomhairleoirí maidir le saincheisteanna cosanta foghlaimeoirí a fhíorú, sula ndéanann siad comhaontú conarthach.

(c) Cinntíonn soláthraithe ELE go n-ionchorpraítear prionsabail Ráiteas Londan in aon socruithe conartha a dhéantar le gníomhairí oideachais, comhpháirtithe earcaíochta agus sainchomhairleoirí. Comhaontuithe nó conarthaí atá ann cheana le gníomhairí oideachais, comhpháirtithe earcaíochta agus comhairleoirí agus nach gcorpraítear na prionsabail seo iontu, déanfar iad a leasú go cuí laistigh de dhá bhliain ón dáta a údaraítear don soláthraí ELE úsáid a bhaint as IEM[11].

11 Ba chóir do sholáthraithe an doiciméad seo a leanas a léamh agus iad ag smaoineamh ar dhul isteach i gcomhpháirtíocht le gníomhaire ionchasach agus nuair a bhíonn comhaontuithe atá i bhfeidhm cheana féin le gníomhairí á leasú: National-Code-of-Ethical-Practice-for-UK-

(d) Cuimsíonn an conradh idir an soláthraí ELE agus gníomhaire oideachais, comhpháirtí earcaíochta nó sainchomhairleoir clásal foirceanta i gcásanna nach gcomhlíonann an comhpháirtí prionsabail Ráiteas Londan nó nuair a fhaightear amach gur ghníomhaigh sé ar bhealach mí-eiticiúil chun aimhleasa na bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta.

(e) Tá próiseas i bhfeidhm ag soláthraithe ELE chun athbhreithniú a dhéanamh, uair amháin gach dhá bhliain ar a laghad, ar ghníomhaíochtaí gníomhairí oideachais, comhpháirtithe earcaíochta agus sainchomhairleoirí le cinntiú go bhfuil siad ag feidhmiú laistigh de pharaiméadair riachtanacha an Chóid ELE agus Ráiteas Londan.

(f) Cinntíonn soláthraithe ELE go bhfuil faisnéis shoiléir, chruinn, thrédhearcach, intuigthe, ábhartha agus cothrom le dáta maidir leis an soláthraí agus a sholáthar i seilbh gníomhairí oideachais, comhpháirtithe earcaíochta agus sainchomhairleoirí.

(g) Cinntíonn soláthraithe ELE go gcuireann an soláthraí oiliúint chuí ar ghníomhairí oideachais, ar chomhpháirtithe earcaíochta agus ar shainchomhairleoirí ar bhonn rialta, de réir mar is gá.

*(Féach Aguisín a Trí le haghaidh téacs iomlán Ráiteas Londan, Aguisín a Sé, Acmhainní do sholáthraithe ELE, agus na Treoirlínte DC do ELE, cuid 2.2, Bainistíocht agus Rialachas Dearbhú Cáilíochta.)*

## 10. ROLLÚ, TÁILLÍ, AISÍOCAÍOCHTAÍ AGUS COTHABHÁIL

**Prionsabal**

Cuireann soláthraithe ELE eolas soiléir, cruinn, trédhearcach, intuigthe, ábhartha agus cothrom le dáta ar fáil do gach foghlaimeoir ar gach costas staidéir, lena n-áirítear teagasc, ábhair, taisteal, cothabháil, cúram sláinte agus lóistín. Cuirfidh soláthraithe ELEs foghlaimeoirí ar an eolas faoi tháillí agus faoi chostais eile a bhaineann le tabhairt faoi chlár staidéir ELE in Éirinn.

**Ceanglaítear ar sholáthraithe ELE comhlíonadh na gcritéar seo a leanas a léiriú i réimsí na margaíochta agus na hearcaíochta:**

### 10.1 Táillí agus téarmaí agus coinníollacha

(a) Bunóidh soláthraithe ELE struchtúr réalaíoch inbhuanaithe táillí trína dtacaítear le misean na heagraíochta agus a léiríonn na fíorchostais a ghabhann le soláthar ELE ar ardchaighdeán.

(b) Tá faisnéis maidir le táillí do gach clár a luaitear in ábhair bholscaireachta, amhail bróisiúir agus ar shuíomh Gréasáin na cuideachta soiléir, cruinn, trédhearcach, intuigthe, ábhartha agus cothrom le dáta.

(c) Tugann soláthraithe ELE faisnéis atá soiléir, cruinn, trédhearcach, intuigthe, ábhartha agus cothrom le dáta ar tháillí clárúcháin agus clár. Cinntíonn soláthraithe nach ngearrtar aon mhuirir gan choinne ná táillí breise nár cuireadh in iúl d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta agus do gheallsealbhóirí eile roimh chlárú.

(d) I gcás ina dtairgeann an soláthraí ELE lóistín, cuirtear faisnéis atá soiléir, trédhearcach, cruinn, intuigthe, ábhartha agus cothrom le dáta ar fáil faoi tháillí áirithinte lóistín agus faoi tháillí lóistín.

(e) Cuirtear eolas soiléir, cruinn, trédhearcach, intuigthe, ábhartha agus cothrom le dáta ar fáil faoi bheartas téarmaí agus coinníollacha maidir le rolluithe, táillí, cealuithe agus aisíocaíochtaí. Leagtar amach sa bheartas seo na nósanna imeachta maidir le haisíocaíochtaí, m.sh., i gcás iarratas ar víosa a dhiúltaítear d'fhoghlaimeoir neamh-AE/LEE, agus na hamlínte is gá a leanúint.

(f) I gcás nach n-áirítear sna táillí costas na n-ábhar cláir, deirtear é sin go soiléir.

(g) Sainaithnítear go soiléir aon chostais bhreise, m.sh. aistrithe aerfoirt, ábhair chláir agus costais imeachtaí sóisialta.

(h) Déanfar aon táillí nó muirir a thabhaítear, m.sh., as íocaíochtaí le cárta creidmheasa nó tairseacha íocaíochta, trédhearcach.

(i) Eisíonn soláthraithe ELE admháil d'fhoghlaimeoirí, nó don ghníomhaire oideachais, don chomhpháirtí earcaíochta nó don sainchomhairleoir thar ceann an fhoghlaimeora, nuair a fhaigheann siad íocaíocht táillí, lena n-áirítear miondealú mionsonraithe ar na táillí a íocadh.

### 10.1.1 Costais bhreise

(a) Tugann soláthraithe ELE eolas iontaofa, táscach cothrom le dáta ar chostas iomlán staidéar in Éirinn, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do:

- (i) lóistín (mura gcuireann an soláthraí ELE í ar fáil)
- (ii) meánchostais bia agus chothabhála
- (iii) iompar poiblí
- (iv) cúram sláinte
- (v) árachas leighis
- (vi) táillí a bhaineann le hinimirce m.sh. táillí víosa
- (vii) costais clár imeachtaí
- (viii) aon chostais eile a bhaineann le soláthar seirbhísí mac léinn de réir mar a mheasann an soláthraí ELE a bheith ábhartha.

## 10.2 Gnásanna rollaithe

(a) Déanann soláthraithe ELE doiciméadú agus cur síos soiléir ar nósanna imeachta rollaithe do na geallsealbhóirí go léir.

(b) Tá nósanna imeachta rollaithe soiléir, cruinn, trédhearcach, intuigthe, ábhartha agus cothrom le dáta.

(c) Ceanglaítear ar sholáthraithe ELE atá údaraithe chun an IEM a úsáid socruithe a chur i bhfeidhm chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint faoi Alt 65 d'Acht 2012 arna leasú, sula n-earcaítear foghlaimeoirí.

*(Féach Aguisín a Dó, Socruithe chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint, agus alt 4.5.2 thuas.)*

## AGUISÍN A hAON: MEASÚNÚ REACHTÚIL DÍCHEALL CUÍ

Agus an Cód ELE á n-agairt chun críocha iarratas a dhéanamh ar údarú chun an IEM a úsáid, ní mór do sholáthraithe ELE a léiriú do QQI go gcomhlíonann siad critéir áirithe maidir le rialachas, airgeadas agus comhlíonadh faoi alt 29B(1) d'Acht 2012 arna leasú. Is é an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a chinneann na rialacháin, agus is é a n-aidhm dearbhú réasúnta a thabhairt do QQI go bhfuil an cumas agus an acmhainn ag an soláthraí ELE sonraithe chun:

- nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta a chur i bhfeidhm
- cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar atá comhsheasmhach le ceanglais Acht 2012 arna leasú.

Maidir le soláthraithe ELE, is ionann ceanglais díchill chuí agus croí-ghné den phróiseas iarratais ar IEM.

## AGUISÍN A DÓ: SOCRUITHE CHUN FOGHLAIMEOIRÍ ROLLAITHE A CHOSAINT (PEL)

Forálann Cuid 6 d'Acht 2012 arna leasú do scéim PEL reachtúil nua a mbeidh Ciste Cosanta Foghlaimeoirí mar bhonn agus taca léi. Baineann an scéim nua le cláir oideachais agus oiliúna a mhairfidh trí mhí nó níos faide agus le cláir oideachais sa Bhéarla. Bainfidh sé le:

- Soláthróirí AO le cláir as a leanfaidh dámhachtainí QQI;
- soláthraithe nasctha maidir le soláthar a chuirtear ar fáil trí fhorais cháiliúcháin ainmnithe, mura n-ainmnítear iad mar fhorais dhíolmhaithe in Acht 2012 arna leasú;
- Comhlachtaí dámhachtana liostaithe agus na soláthraithe comhlachaithe;
- Soláthraithe ELE a fhaigheann údarú chun an IEM a úsáid.

Tagraíonn na ceanglais maidir le PEL atá sonraithe sa Chód ELE seo don scéim seo go ginearálta.

# AGUISÍN A TRÍ: RÁITEAS LONDAN 2012

**Ráiteas ar Phrionsabail maidir le hEarcú Eiticiúil Mac Léinn Idirnáisiúnta ag Gníomhairí agus Sainchomhairleoirí Oideachais[13]**

## 1. RÉAMHRÁ

### 1.1 Comhthéacs

Tá méadú réidh ag teacht ar líon na mac léinn a bhogann trasna teorainneacha náisiúnta anois ag lorg deiseanna oideachais agus oiliúna chun cáilíochtaí atá aitheanta go hidirnáisiúnta a bhaint amach.

I bhfoilseachán an OECD *Education at a Glance 2010* is foinsí iad an OECD agus Institiúid Staidrimh UNESCO, inar measadh gur cuireadh oideachas ar bhreis is trí mhilliún mac léinn treasach lasmuigh dá dtír dhúchais in 2008. Measann roinnt tráchtairí go bhféadfaí a bheith ag súil go n-ardóidh an t-éileamh domhanda ar oideachas idirnáisiúnta go beagnach ocht milliún faoi 2025.

In éineacht leis an bhfás ar líon na mac léinn idirnáisiúnta tháinig méadú ar líon na ngníomhairí agus na sainchomhairleoirí oideachais a sholáthraíonn seirbhísí dóibh. Is geallsealbhóirí lárnacha tábhachtacha iad gníomhairí agus sainchomhairleoirí oideachais san oideachas idirnáisiúnta.

### 1.2 Cúlra an Tionscnaimh

Is fóram é Cruinniú Comhchéime ar Ionracas an Oideachais Idirnáisiúnta ag a dtagann an RA, an Astráil, Ceanada, Éire, an Nua-Shéalainn agus SAM le chéile chun eolas agus taithí a roinnt agus chun comhréimsí cleachtais agus ábhar buartha a aithint, chomh maith le deiseanna comhair. Ag cruinniú tosaigh an Chruinnithe Comhchéime in 2010 mhol an Astráil

cód eitice idirnáisiúnta comhpháirteach a fhorbairt do ghníomhairí oideachais idirnáisiúnta a d'éascódh cur chuige coiteann agus a mhéadódh caighdeáin eitice.

Is forbairt é an 'Ráiteas Prionsabal maidir le hEarcú Eiticiúil Mac Léinn Idirnáisiúnta ag Gníomhairí agus Sainchomhairleoirí Oideachais an tionscnamh a d'eascair ón togra sin. D'aontaigh an RA, an Astráil, Éire agus an Nua-Shéalainn leis an ráiteas prionsabail an 16 Márta.

Tá gach ceann de na tíortha sin ag obair anois i dtreo na bprionsabal a chur i bhfeidhm. Áirítear leis seo oiliúint agus cumarsáid do ghníomhairí.

## 1.3 Cuspóir

Cuireann an Ráiteas Ardleibhéil seo ar Phrionsabail dea-chleachtas chun cinn i measc na ngníomhairí oideachais agus na ngairmeacha comhairleacha a thacaíonn le mic léinn idirnáisiúnta. Is éard atá sa Ráiteas

Prionsabal sraith aontaitheach tuiscintí maidir le hearcú, agus seirbhísí gaolmhara, a chuirtear ar fáil do mhic léinn san oideachas idirnáisiúnta trína gcuirtear dea-chleachtas chun cinn i measc gníomhairí agus sainchomhairleoirí oideachais. Léireofar an Ráiteas i gcur chuige gach tíre i leith an oideachais idirnáisiúnta.

Cuirfear tuarascáil ar ghníomhaíocht faoi bhráid an Chruinnithe Comhchéime in 2013.

Tá roinnt tosca a bhféadfaí díriú orthu faoi gach prionsabal agus tionscnaimh agus gníomhartha á gceapadh curtha ar fáil i gCeangaltán leis an Ráiteas Prionsabal seo.

## 2. Creat Eiticiúil

Seo a leanas na gnéithe ar a bhfuil an Ráiteas ar Phrionsabail bunaithe:

- **Ionracas** – a bheith neamhchasta agus macánta i ngach teagmháil ghairmiúil agus ghnó;
- **Oibiachtúlacht** – gan breithiúnas gairmiúil a chur i gcontúirt trí chlaonadh nó coinbhleacht leasa;
- **Inniúlacht ghairmiúil agus cúram cuí** – eolas gairmiúil agus seirbhís ghairmiúil a choinneáil, agus gníomhú go dícheallach;
- **Trédhearcacht** – coinbhleachtaí leasa a dhearbhú do gach cliant, go háirithe nuair a ghearrtar táillí seirbhíse ar an soláthraí oideachais agus ar an mac léinn ionchasach;
- **Rúndacht** – rúndacht na faisnéise pearsanta a fhaightear a urramú agus a chaomhnú agus gan faisnéis den sórt sin a scaoileadh chuig tríú páirtithe gan údarás cuí;
- **Iompar gairmiúil** – gníomhú i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin ábhartha agus déileáil le cliaint go hinniúil, go díograiseach agus go cothrom; agus
- **Gairmiúlacht agus cuspóir** – gníomhú ar bhealach a rachaidh chun leas na gcliant agus na sochaí i gcoitinne fiú an féinleas a bheith thíos leis; a aithint gurb é an tiomantas do na prionsabail seo an modh trína bhféadfaidh an ghairm iontaoibh agus muinín na ngrúpaí geallsealbhóirí (cliaint aonair, an pobal, lucht gnó agus rialtais) a thuilleamh.

12 london_statement.pdf (britishcouncil.org).
13 Providers should also consult the following: )National-Code-of-Ethical-Practice-for-UK-Education-Agents.pdf (buila.ac.uk.

## 3. Prionsabail

- **Prionsabal 1** – Cleachtann gníomhairí agus comhairleoirí eitic ghnó freagrach.
- **Prionsabal 2** – Soláthraíonn gníomhairí agus comhairleoirí faisnéis reatha, chruinn agus mhacánta ar bhealach eiticiúil.
- **Prionsabal 3** – Forbraíonn gníomhairí agus comhairleoirí caidreamh gnó trédhearcach le mic léinn agus soláthraithe trí chomhaontuithe scríofa a úsáid.
- **Prionsabal 4** – Cosnaíonn gníomhairí agus sainchomhairleoirí leasanna mionaoiseach.
- **Prionsabal 5** – Soláthraíonn gníomhairí agus sainchomhairleoirí eolas trínar féidir le

Cód Cleachtais chun Cláir Oideachais sa Bhéarla a Sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta mic léinn idirnáisiúnta roghanna eolacha a dhéanamh agus cinneadh á dhéanamh acu faoin ngníomhaire nó sainchomhairleoir a fhostóidh siad.

- **Prionsabal 6** – Gníomhaíonn gníomhairí agus comhairleoirí go gairmiúil.
- **Prionsabal 7** – Oibríonn gníomhairí agus sainchomhairleoirí le tíortha agus le soláthraithe cinn scríbe chun caighdeáin eiticiúla agus dea-chleachtais a ardú.

Tá doiciméad atá i gceangal le Ráiteas Londan ar fáil ag: Attachment-to-the-London-Statement.doc (live.com)

# AGUISÍN A CEATHAIR: ÍOSCHEANGLAIS DO MHÚINTEOIRÍ ELE AGUS DO BHAINISTEOIRÍ ACADÚLA

**Ní mór do sholáthraithe ELE a chinntiú go gcomhlíonann gach ball foirne acadúil na híoscheanglais atá leagtha amach thíos:**

## 1 MÚINTEOIRÍ ELE

### 1.1 Múinteoirí ELE: soláthraí ELE ó cheann ceann na bliana

#### 1.1.1 Múinteoirí ELE atá fostaithe ag soláthraithe ELE ar bhonn ó cheann ceann na bliana, tá ar a laghad mórdhámhachtain ar Leibhéal 7 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) nó a chomhionann acu.

(a) I gcás dámhachtainí ardoideachais idirnáisiúnta, tá an soláthraí ELE freagrach as an dámhachtain a fhíorú agus an fíorú a dhoiciméadú do gach múinteoir. Is féidir é seo a dhéanamh trí fhoireann QQI NARIC: NARIC Ireland

(b) I gcás mórdhámhachtain ag Leibhéal 7 ar an NFQ nó a chomhionann ar dámhachtain é i dTeagasc an Bhéarla nó i dTeagasc Teangacha, comhlíonfaidh an dámhachtain seo an ceanglas in 1.1.2 thíos freisin, má chomhlíontar ceann de na coinníollacha in 1.1.2 (a ) - (d) thíos go hiomlán.

(c) I gcás nach bhfuil mórdhámhachtain ag an múinteoir ag Leibhéal 7 ar an CNC nó a chomhionann, ní mór fianaise a bheith ann ar réamhfhoghlaim agus taithí ábhartha, nach mór don soláthraí ELE a fhíorú, a chosaint agus a dhoiciméadú go hiomlán.

#### 1.1.2 Ní mór do mhúinteoirí ELE atá fostaithe ag soláthraithe ELE ó cheann ceann na bliana ceann de na cláir oiliúna múinteoirí seo a leanas a bheith críochnaithe go rathúil acu:

(a) Clár oiliúna/oideachais do theagasc an Bhéarla as a leanann dámhachtain ag Leibhéal 6 ar a laghad ar an CNC nó a chomhionann, comhdhéanta de ar a laghad:

- 120 uair an chloig teagmhála oiliúna;
- 6 uair an chloig (60 nóiméad) de chleachtadh múinteoireachta breathnaithe agus measúnaithe le mic léinn ELE ag 2-3 leibhéal ar leith den CCTE;
- 4 uair an chloig (60 nóiméad) de bhreathnú ar mhúinteoirí a bhfuil taithí acu ar leibhéil ar leith, agus caithfidh 50% ar a laghad a bheith ina cheachtanna beo le foghlaimeoirí ELE

- Caithfidh an dámhachtain a bheith bailíochtaithe ag QQI, ag foras cáiliúcháin náisiúnta nó ag foras cáiliúcháin a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige.

(b) Clár oiliúna/oideachais do theagasc an Bhéarla as a leanann dámhachtain ag Leibhéal 6 ar a laghad ar an CNC nó a chomhionann nach gcomhlíonann na riachtanais thuas in (a), .i. nach bhfuil 120 uair an chloig teagmhála teagaisc agus/nó comhpháirt cleachtaidh mhúinteoireachta le foghlaimeoirí ELE i gceist ann agus/nó breathnuithe ar mhúinteoirí a bhfuil taithí ELE acu. Sa chás seo, ní mór don soláthraí ELE clár oiliúna múinteoirí a thairiscint do mhúinteoirí m.sh., mar chuid dá n-ionduchtú, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, de réir mar a bhaineann le riachtanais, chun na ceanglais thuas in (a) a chomhlíonadh.

- ionchur ábhartha, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas: bainistíocht seomra ranga, pleanáil ceachta, creata ceachta, anailís teanga don ghramadach, anailís teanga le haghaidh foclóireachta, fóineolaíocht, idirghníomhaíocht sa seomra ranga, ceartú earráidí, measúnú, ábhar agus aiseolas teanga;
- timthriall pleanála ceachta, cleachtadh múinteoireachta agus aiseolais a breathnaíodh agus a measúnaíodh mar aon le 3 uair an chloig ar a laghad de chleachtadh teagaisc breathnaithe agus measúnaithe le foghlaimeoirí ELE ag 2 leibhéal ar leith den CCTE;
- breathnuithe ar mhúinteoirí a bhfuil taithí acu, le híosmhéid de 3 uair an chloig de bhreathnóireacht bheo ar mhúinteoirí ELE a bhfuil taithí acu ag 2 leibhéal ar leith den CCTE.

Caithfidh gur oiliúnóirí múinteoirí cuícháilithe a sheachadann an clár oiliúna agus ní mór don soláthraí ELE a bheith doiciméadaithe go hiomlán i gcás gach múinteoir a ghlacann páirt sa chlár seo.

Sa chás go bhfuil cáilíocht Theagasc an Bhéarla ag múinteoirí atá fostaithe cheana féin ag an soláthraí ELE nach gcomhlíonann na ceanglais thuas in 1.1.2 (a) nó (b), ní mór do sholáthraithe ELE a fhíorú gur tairgeadh bhfuil oiliúint chomhchosúil, mar a leagtar amach thuas in 1.1.2 (b), don mhúinteoir. Ní mór an oiliúint seo a dhoiciméadú go hiomlán i gcás gach múinteora.

(c) Clár oiliúna/oideachas múinteoirí chun teanga seachas Béarla a mhúineadh as a leanann dámhachtain ag Leibhéal 6 ar a laghad ar CNC nó a chomhionann, agus a thagann leis na critéir atá leagtha amach thuas in 1.1.2 (a). Caithfidh an dámhachtain a bheith bailíochtaithe ag QQI, foras cáiliúcháin náisiúnta nó foras cáiliúcháin a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige. Ní mór don soláthraí ELE an cháilíocht a fhíorú agus cosaint réasúnta a thabhairt d'earcú an mhúinteora.

Ina theannta sin, ní mór don soláthraí ELE oiliúint a thairiscint, mar a thuairiscítear in 1.1.2 (b) thuas, atá doiciméadaithe go hiomlán ag an soláthraí ELE i gcás gach múinteora a ghlacann páirt sa chlár seo.

(d) Clár oiliúna/oideachas múinteoirí chun teanga seachas Béarla a mhúineadh, as a leanann dámhachtain ag Leibhéal 6 ar a laghad ar an CNC nó a chomhionann, agus nach n-áirítear leis comhpháirt de chleachtadh múinteoireachta le foghlaimeoirí na teanga seo nó breathnuithe ar mhúinteoirí a bhfuil taithí acu ar mhúineadh na teanga seo. Caithfidh an dámhachtain a bheith bailíochtaithe ag QQI, ag foras cáiliúcháin náisiúnta nó ag foras cáiliúcháin a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige. Ní mór don soláthraí ELE an cháilíocht a fhíorú agus cosaint réasúnta a thabhairt d’earcú an mhúinteora. Ina dhiaidh sin, ní mór don soláthraí ELE oiliúint a thairiscint, mar a thuairiscítear in 1.1.2 (b) thuas, tá doiciméadaithe go hiomlán ag soláthraí ELE i gcás gach múinteora a ghlacann páirt sa chlár seo.

1.1.3 Múinteoirí ELE atá fostaithe ó cheann ceann na bliana agus nach é an Béarla a gcéad teanga, ní mór dóibh leibhéal C1+ - C2 sa Bhéarla, a bheith acu, atá infhíoraithe ar cheann de na slite seo a leanas:

(a) Dámhachtain oilteachta sa Bhéarla ag leibhéal C1+ - C2 atá creidiúnaithe ag foras cáiliúcháin náisiúnta nó foras cáiliúcháin a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige.

(b) Dámhachtain oiliúna/oideachas i múineadh an Bhéarla ag Leibhéal 6 ar a laghad ar an CNC nó a chomhionann, mar a shonraítear in 1.1.2 (a) thuas.

## 1.2 Múinteoirí ELE: soláthraí clár sóisearach samhraidh/clár gearr ELE

1.2.1 Ní mór do mhúinteoirí ELE atá fostaithe ag soláthraí ELE a chuireann clár sóisearach samhraidh/clár gearr ar fáil, mórdhámhachtain ag Leibhéal 7 a bheith acu ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) nó a chomhionann.

(a) I gcás dámhachtainí ardoideachais idirnáisiúnta, tá an soláthraí ELE freagrach as an dámhachtain a fhíorú agus an fíorú a dhoiciméadú do gach múinteoir. Is féidir é seo a dhéanamh trí fhoireann QQI NARIC: NARIC Ireland

(b) I gcás mórdhámhachtain ag Leibhéal 7 ar an NFQ nó a chomhionann ar dámhachtain é i Múineadh an Bhéarla nó i Múineadh Teangacha, comhlíonfaidh an dámhachtain seo an ceanglas in 1.2.2 thíos freisin, má chomhlíontar ceann de na coinníollacha in 1.2.2 (a)-(c) (agus (d) más cuí) thíos go hiomlán.

(c) I gcás nach bhfuil mórdhámhachtain ag an múinteoir ag Leibhéal 7 ar an CNC nó a chomhionann, ní mór fianaise a bheith ann ar réamhfhoghlaim agus taithí ábhartha, nach mór don soláthraí ELE a fhíorú, a chosaint agus a dhoiciméadú go hiomlán i gcás gach múinteora.

### 1.2.2 Ní mór do mhúinteoirí ELE atá fostaithe ag soláthraí ELE sóisearach samhraidh/gearrchúrsa ceann de na cláir oiliúna múinteoirí seo a leanas a bheith críochnaithe go rathúil acu:

(a) Ceann de na cláir atá liostaithe thuas in 1.1.2 (a) – (d), chomh maith le hoiliúint i dteagasc ELE d'fhoghlaimeoirí óga/do dhéagóirí. Mura bhfuil clár oiliúna múinteoirí do mhúinteoirí foghlaimeoirí óga/déagóirí críochnaithe cheana féin ag múinteoirí, ní mór do sholáthraithe ELE a chinntiú go n-áirítear i ngnásanna ionduchtúcháin ionchur ar chur chuige, ábhair, teicnící agus scileanna ábhartha chun cabhrú le múinteoirí a ullmhú le dul i mbun oibre le foghlaimeoirí óga agus déagóirí. Ní mór cláir ionduchtúcháin a dhoiciméadú go hiomlán agus a thaifeadadh i gcás gach múinteora.

(b) Clár oiliúna/oideachais do mhúinteoirí as a leanann mórdhámhachtain ag Leibhéal 7 ar a laghad ar an CNC nó a comhionann, ag leibhéal bunoideachais nó meánoideachais.

(c) Féadfaidh múinteoirí a bheith ina mbliain deiridh de chlár oiliúna/oideachas múinteoirí as a leanann mórdhámhachtain ag Leibhéal 7 ar an CNC nó a chomhionann ag leibhéal an bhunoideachais nó an mheánoideachais.

(d) I gcás (b) agus (c) thuas, ní mór don soláthraí ELE clár praiticiúil oiliúna do mhúinteoirí a thairiscint do mhúinteoirí mar a thuairiscítear in 1.1.2 (b) thuas, ach le fócas ar fhoghlaimeoirí óga/déagóirí a mhúineadh. Ní mór gur oiliúnóirí múinteoirí cuícháilithe a dhéanann an oiliúint a sheachadadh mar chuid d'ionduchtú an mhúinteora roimh thús a dtréimhse oibre agus ní mór í a dhoiciméadú go hiomlán i gcás gach múinteora.

### 1.2.3 Ní mór do mhúinteoirí ELE atá fostaithe ag lárionaid ELE a sheachadann cláir shóisearacha samhraidh/cláir ghearra ELE agus nach é an Béarla a gcéad teanga, leibhéal C1+ - C2 Béarla a bheith acu, atá infhíoraithe ar cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) Dámhachtain oilteachta sa Bhéarla ag leibhéal C1+ - C2 atá creidiúnaithe ag foras cáiliúcháin náisiúnta nó foras cáiliúcháin a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige.

(b) Dámhachtain oiliúna/oideachas i dteagasc an Bhéarla ag Leibhéal 6 ar a laghad ar an CNC nó a chomhionann, mar a shonraítear in 1.1.2 (a) thuas.

# 2 BAINISTEOIRÍ ACADÚLA

## 2.1 Chun críche an Chóid ELE seo,

sainmhínítear bainisteoir acadúil mar bhall foirne atá freagrach as bainistíocht acadúil ag soláthraí ELE. D'fhéadfadh go gciallódh sé seo bainistíocht ar roinn acadúil nó bainistíocht ar chuid, nó codanna, de roinn acadúil, amhail riarachán acadúil, oiliúint múinteoirí, forbairt múinteoirí, foghlaimeoirí óga agus déagóirí, grúpaí agus scrúduithe. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i róil/teidil bainisteoirí acadúla, ach níl sé teoranta dóibh: Príomhoide, Ceann Scoile, Ceann Oideachais, Stiúrthóir Oideachais, Stiúrthóir Staidéir, Stiúrthóir/Bainisteoir Acadúil, Stiúrthóir Cúnta Staidéir, Bainisteoir/Comhordaitheoir ar Fhoghlaimeoirí Óg agus Déagóirí, Comhordaitheoir/Bainisteoir Grúpa, Comhordaitheoir/Bainisteoir Scrúduithe, Ceann/Stiúrthóir Oiliúint Múinteoirí, Ceann/Stiúrthóir Forbartha Múinteoirí. I ngach cás, tá na cáilíochtaí agus an taithí chuí ag an mbainisteoir acadúil chun a ról ainmnithe a chomhlíonadh. Ag brath ar mhéid an tsoláthraí, d'fhéadfadh go mbeadh bainisteoir acadúil amháin nó níos mó ann, ach ní mór go mbeadh bainisteoir acadúil cáilithe go cuí fostaithe ag an lárionad i gcónaí le freagracht as forbairt múinteoirí.

## 2.2 Ní mór do mhúinteoirí ELE atá fostaithe ag soláthraí ELE chun clár samhraidh sóisearach/clár gearr a chur ar fáil, mórdhámhachtain ar Leibhéal 7 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) nó a chomhionann a bheith acu.

(a) I gcás dámhachtainí ardoideachais idirnáisiúnta, tá an soláthraí ELE freagrach as an dámhachtain a fhíorú agus an fíorú a dhoiciméadú. Is féidir é seo a dhéanamh trí fhoireann QQI NARIC: NARIC Ireland

(b) I gcás mórdhámhachtana ar dámhachtain é i dTeagasc an Bhéarla nó i dTeagasc Teangacha, comhlíonfaidh an dámhachtain seo an ceanglas in 2.3 thíos freisin, má chomhlíontar ceann de na coinníollacha in 1.1.2 (a ) - (d) thuas go hiomlán.

(c) I gcás nach bhfuil mórdhámhachtain ag an múinteoir ag Leibhéal 7 ar an CNC nó a chomhionann, ní mór fianaise a bheith ann ar réamhfhoghlaim agus taithí ábhartha, nach mór don soláthraí ELE a fhíorú, a chosaint agus a dhoiciméadú go hiomlán.

**2.3 Ní mór do bhainisteoirí acadúla atá fostaithe ó cheann ceann na bliana agus i lárionaid samhraidh/chláir ghearra na riachtanais chéanna a chomhlíonadh agus múinteoirí ELE ag lárionaid ó cheann ceann na bliana, mar a shonraítear thuas in 1.1 (1.1.1-1.1.2).**

**2.4 Ní mór do bhainisteoirí acadúla a bhfuil ról forbartha múinteoirí acu laistigh den eagraíocht, cibé acu an iad an t-aon bhainisteoir acadúil nó an ball d'fhoireann bainisteoirí acadúla iad, clár oiliúna/forbartha múinteoirí mhúineadh an Bhéarla ag Leibhéal 9 ar an CNC nó a chomhionann a bheith déanta acu, a chomhlíonann ceann de na tuairiscí seo a leanas:**

(a) Clár oiliúna/oideachais do mhúinteoirí an Bhéarla as a leanann dámhachtain ag Leibhéal 9 ar an CNC nó a chomhionann a chuimsíonn comhpháirt cleachtaidh múinteoireachta measúnaithe agus atá bailíochtaithe ag QQI, foras cáiliúcháin náisiúnta nó foras cáiliúcháin a aithnítear go hidirnáisiúnta.

(b) Clár oiliúna/oideachas do mhúinteoirí an Bhéarla as a leanann dámhachtain ag Leibhéal 9 ar an CNC nó a chomhionann nach n-áirítear comhpháirt de chleachtadh múinteoireachta measúnaithe ann, agus atá bailíochtaithe ag QQI, foras cáiliúcháin náisiúnta nó foras cáiliúcháin a aithnítear go hidirnáisiúnta. Sa chás seo, caithfidh an bainisteoir acadúil ceann de na cláir oiliúna/oideachais múinteoirí atá liostaithe in 1.1.2 (a) – (d) thuas a bheith críochnaithe aige.

**2.5 Ní cheanglaítear ar bhainisteoirí acadúla nach bhfuil ról forbartha múinteora acu na ceanglais atá leagtha amach in 2.4 thuas a chomhlíonadh.**

**2.6 Moltar go ndéanfadh bainisteoirí acadúla a bhfuil ról riaracháin acu roinnt oiliúna sa bhainistíocht acadúil.**

**2.7 Ní mór 3 bliana ar a laghad de thaithí mhúineadh an Bhéarla ábhartha a bheith ag bainisteoirí acadúla.**

**2.8 Ní mór do mhúinteoirí ELE atá fostaithe ag lárionaid ELE a sheachadann cláir shóisearacha samhraidh/cláir ghearra ELE agus nach é an Béarla a gcéad teanga, leibhéal C1+ - C2 sa Bhéarla a bheith acu, atá infhíoraithe ar cheann de na bealaí seo a leanas:**

(a) Dámhachtain oilteachta sa Bhéarla ag leibhéal C1+ - C2 atá creidiúnaithe ag foras cáiliúcháin náisiúnta nó foras cáiliúcháin a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige.

(b) Dámhachtain oiliúna i dteagasc an Bhéarla ag Leibhéal 6-9 ar a laghad ar an CNC nó a chomhionann, mar a shonraítear in 1.1.2 (a) nó 2.4 (a) thuas.

# AGUISÍN A CÚIG: ÍOSCHEANGLAIS DO SHEIRBHÍSÍ LÓISTÍN

## 1 Lóistín cónaí le teaghlach

- Tá comhaontuithe foirmiúla reatha agus téarmaí agus coinníollacha i bhfeidhm ag soláthraithe ELE le gach soláthraí lóistín cónaí le teaghlach.
- Tugann an ball foirne atá freagrach as socrúcháin lóistín cuairt ar sholáthróirí tí a dhéanann iarratas ar chónaí le teaghlach a chur ar fáil agus déanann siad cigireacht orthu go pearsanta chun a n-oiriúnacht a mheas. Déantar gach cigireacht a dhoiciméadú.
- Tugann an soláthraí ELE cuairt agus cigireacht ar shocrúcháin chónaí le teaghlach uair amháin ar a laghad gach trí bliana, agus nuair a shainaithníonn an soláthraí chónaí le teaghlach athrú ar chúinsí, m.sh., nuair a fhásann an teaghlach nó nuair a dhéantar athchóiriú. Déantar gach cigireacht a dhoiciméadú. Bailítear aiseolas ó fhoghlaimeoirí faoin taithí atá acu ar a dteach cónaithe agus d'fhéadfadh cuairt chigireachta leanúint as tuairimí diúltacha.
- Tá an soláthraí ELE freagrach as a chinntiú go bhfuil an tairiscint chónaí le teaghlach oiriúnach d'fhoghlaimeoirí ELE agus go bhfuil go leor spáis ann chun cónaí agus staidéar a dhéanamh go compordach.
- Tá gach soláthraí cónaí le teaghlach ar an eolas go hiomlán faoi na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le soláthar seirbhísí lóistín, lena n-áirítear gnásanna áirithinte agus cealaithe agus dálaí do mhic léinn.
- Coinníonn an soláthraí na taifid go léir go slán de réir na reachtaíochta GDPR.
- Is é an Béarla an teanga chumarsáide i gcónaí ag an socrúchán cónaí le teaghlach.
- Sula dtagann an mac léinn isteach, is é an soláthraí ELE atá freagrach as a chinntiú i gcás soláthraithe cónaí le teaghlach:
    - go mbíonn siad ar an eolas maidir le socruithe taistil an dalta, an t-am teachta agus aon socruithe cruinnithe;
    - go gcuirtear an uimhir theileafóin éigeandála 24 uair ar fáil dóibh;
    - go n-aontaíonn siad aon riachtanais speisialta, m.sh., aiste bia, a sholáthar don dalta. Ní mór do gach soláthraí cónaí le teaghlach:
- timpeallacht chairdiúil a chur ar fáil ionas go mbraithfidh an dalta go bhfuil fáilte roimpi/roimhe agus gur ball den teaghlach í/é;
- sceideal de chlár ama an fhoghlaimeora, lena n-áirítear ranganna agus turais, a fháil ón soláthraí;
- béilí agus seirbhísí, mar a chomhaontaítear leis an soláthraí ELE, a chur ar fáil;
- a dhearbhú cibé an gcuireann siad seirbhísí cónaí le teaghlach ar fáil do sholáthraí ELE eile, nó do sholáthraí eile, m.sh., FSS nó gníomhaireacht, tráth a ndeimhnítear lóistín d'fhoghlaimeoir.

### 1.1 Soláthraithe cónaí le teaghlach agus mionaoisigh (11-18 mbliana d'aois)

- Téann gach duine fásta a bhfuil cónaí air/uirthi sa teach cónaí le teaghlach faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána sula nglacann an soláthraí ELE leis an soláthróir cónaí le teaghlach;
- Cinntíonn soláthraithe ELE nach gcuirtear mionaoisigh i socrúcháin cónaí le teaghlach le foghlaimeoirí eile atá os cionn 18 mbliana d’aois, mura mbíonn cead scríofa faighte ó thuismitheoirí nó ó chaomhnóirí an mhionaoisigh sula dtagann siad isteach sa tír. Déantar gach cead a dhoiciméadú;
- Cinntíonn soláthraithe ELE go bhfaigheann tuismitheoirí nó caomhnóirí dlíthiúla foghlaimeoirí an uimhir theileafóin éigeandála;
- Cuirtear foghlaimeoirí ar mionaoisigh iad agus soláthraithe cónaí le teaghlach ar an eolas faoi rialacha, m.sh., amanna cuirfiú, turais tráthnóna etc., nach mór cloí leo;
- Cuirtear ainmneacha agus sonraí teagmhála na gceannairí grúpa ar fáil d’fhoghlaimeoirí ar mionaoisigh iad agus atá mar chuid de ghrúpa; tugtar ainmneacha, seoltaí agus sonraí teagmhála gach ceann de sholáthraithe cónaí le teaghlach a gcuid foghlaimeoirí do cheannairí grúpa.

### 1.2 Áiseanna ag soláthraí cónaí le teaghlach

Cuirtear na háiseanna seo a leanas ar fáil do gach dalta:

- leaba chompordach le spás leordhóthanach;
- athrú seachtainiúil ar línéadach leapa;
- spás leordhóthanach chun éadaí a stóráil;
- seirbhísí níocháin réasúnta nó rochtain ar mheaisín níocháin;
- deasc agus cathaoir sa seomra leapa le haghaidh staidéar príobháideach nó rochtain i gcónaí ar sheomra eile atá oiriúnach chun staidéar a dhéanamh ann;
- rochtain ar sheomra folctha, ar fholcadán nó ar chithfholcadh;
- téamh, soilsiú agus aeráil imleor.

*Nóta: Moltar gan ach scoláire amháin a labhraíonn máthairtheanga ar leith a bheith ag fanacht le soláthraí cónaí le teaghlach ar leith ag aon am amháin.*

## 2 Lóistín cónaithe

- Tá comhaontuithe foirmiúla reatha agus téarmaí agus coinníollacha i bhfeidhm ag soláthraithe ELE le gach soláthraí lóistín cónaithe;
- Sula mbunaítear comhaontú, tugann ball foirne an tsoláthraí ELE atá freagrach as lóistín cuairt ar na tithe cónaithe agus déanann siad cigireacht orthu chun a n-oiriúnacht a mheas. Déantar gach cigireacht a dhoiciméadú;
- Tugann an soláthraí ELE cuairt ar áiteanna cónaithe agus déanann siad cigireacht orthu uair sa bhliain ar a laghad, agus nuair a aithnítear athrú ar chúinsí, m.sh. athchóiriú nó síntí. Déantar gach cigireacht a dhoiciméadú;Is é freagracht an tsoláthraí ELE a chinntiú go bhfuil an tairiscint chónaithe

oiriúnach d'fhoghlaimeoirí ELE agus go bhfuil go leor spáis ann d'fhoghlaimeoirí chun cónaí agus staidéar a dhéanamh go compordach;

- Coinníonn an soláthraí na taifid go léir go slán de réir na reachtaíochta GDPR;
- Tá gach úinéir/bainisteoir cónaithe ar an eolas go hiomlán faoi théarmaí agus coinníollacha an tsoláthraí maidir le soláthar seirbhísí lóistí, lena n-áirítear gnásanna áirithinte agus cealaithe;
- Cloíonn tithe cónaithe le ceanglais reachtúla na n-údarás áitiúil maidir le pleanáil, tógáil, uisce agus séarachas, agus sábháilteacht dóiteáin.

### 2.1 Tithe cónaithe

- bíonn siad oiriúnach do riachtanais na bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta agus bíonn dea-bhail i gcónaí ar gach foirgneamh iontu;
- bíonn clúdach ceart árachais acu;
- bíonn soláthar dóthanach acu do shláinte agus sábháilteacht na mac léinn;
- bíonn siad ar fáil le haghaidh féinfhreastail nuair is cuí.

I gcás foghlaimeoirí faoi 18 mbliana d'aois a fhanann i dtithe cónaithe, cinntíonn soláthraithe ELE go mbíonn maoirseacht leordhóthanach, i.e., cóimheas 1 maoirseoir : 20 foghlaimeoir ar a laghad, i bhfeidhm 24 uair an chloig an lae, agus gur ball foirne atá grinnfhiosraithe ag an nGarda Síochána a dhéanann an mhaoirseacht seo.

## 3 Faisnéis i dtaobh lóistín eile nach dtairgeann an soláthraí

I gcás ina dtairgeann soláthraithe ELE seirbhísí faisnéise faoi lóistín, cuirtear faisnéis ar fáil d'fhoghlaimeoirí maidir le:

- gníomhaireachtaí agus láithreáin ghréasáin lóistín;
- lóistín in óstán, leaba agus bricfeasta agus i mbrú.

*(Féach Aguisín a Sé le haghaidh sonraí ar riachtanais agus nósanna imeachta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána. )*

## AGUISÍN A SÉ: ACMHAINNÍ DO SHOLÁTHRAITHE ELE

## 1 Ceanglais náisiúnta reachtúla agus treoir

1.1 Cearta maoine intleachta: Tá an soláthraí freagrach as a chinntiú go bhfuil gach ceadúnas cuí, m.sh., ceadúnais chóipchirt, i bhfeidhm agus ar taispeáint mar a éilíonn téarmaí an cheadúnais/na gceadúnas ag an lárionad. Ba chóir go mbeadh cur amach ag gach ball foirne orthu seo. Is í Gníomhaireacht Cheadúnaithe Cóipchirt na hÉireann an ghníomhaireacht atá freagrach as ceadúnais chóipchirt: Baile | Gníomhaireacht na hÉireann um Cheadúnú Cóipchirt (icla.ie)

1.2 Cearta fostaíochta: Tá an soláthraí ELE freagrach as a chinntiú go bhfuil na cearta fostaíochta cuí tugtha do gach ball foirne. Is é an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre an ghníomhaireacht stáit a bhfuil sé de chúram air aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna fostaíochta cosúil le gearáin nó An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

1.3 Ceadanna pleanála agus deimhniú sábháilteachta dóiteáin: Tá an t-údarás áitiúil ábhartha freagrach as comhairle a thabhairt maidir le ceanglais cead pleanála chun críocha oideachais, agus/nó an soláthraí ELE a tharchur chuig an ngníomhaireacht ábhartha maidir le ceanglais sábháilteachta dóiteáin agus deimhniú: Údaráis Áitiúla

1.4 Caitheamh go cothrom le foghlaimeoirí, baill foirne, agus páirtithe leasmhara: Tá an soláthraí ELE freagrach as a chinntiú nach ndéantar aon idirdhealú ar fhorais chine, reiligiúin, inscne, mhíchumais nó treoshuímh ghnéasaigh. Is í an ghníomhaireacht stáit atá freagrach maidir le gearáin agus sáruithe sa réimse seo ná Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas: Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

1.5 Cosaint sonraí: tá an soláthraí ELE freagrach as a chinntiú go bhfuil córais chearta cosanta sonraí i bhfeidhm agus go bhfuil siad seo ag teacht le ceanglais GDPR. An Coimisiún um Chosaint Sonraí atá freagrach as seo: An Coimisiún um Chosaint Sonraí

1.6 Nochtaí ghrinnfhiosrúchán an Gharda: Ní mór do sholáthraithe ELE ceanglais a chomhlíonadh maidir le socrúcháin oideachais, intéirneachtaí, lóistín, fostaíocht, agus gníomhaíochtaí do mhionaoisigh atá i mbun staidéir nó ag obair leis an soláthraí. Féach na ceanglais reachtacha náisiúnta a bhaineann le tréadchúram mionaoiseach: An Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin

1.7 An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2017: tá sé de fhreagracht ar an soláthraí ELE ceanglais maidir le soláthar earraí agus seirbhísí, agus fógraíocht a chomhlíonadh: Údarás Caighdeáin Fógraíochta na hÉireann

1.8 An tAcht um Nochtaí Cosanta gov.ie - An tAcht um Nochtaí Cosanta: Eolas do Shaoránaigh agus d'Fhorais Phoiblí (www.gov.ie)

## 2 Cóid idirnáisiunta cleachtais agus dearbhaithe cáilíochta

**An Astráil**
Australian Government, Department of Education, Employment, and Workplace Relations (2007) National Code of Practice for Providers of Education and Training to Overseas Students 2018: National Code of Practice for Providers of Education and Training to Overseas Students 2018

National English Accreditation Service (NEAS) National English Accreditation Service

**An Ísiltír**
Cód Iompair na hOllainne maidir le mic léinn idirnáisiúnta in ardoideachas na hOllainne (Athcheartaithe 2022): Code of Conduct international student higher education

**An Afraic Theas**
International Education Association of South Africa, Code of Ethical Practice in the Provision of Education to International Students by South African Higher Education Institutions: Code of Ethical Practice in the Provision of Education to International Students

**An Nua-Shéalainn**
New Zealand Qualifications Authority (NZQA) (2021), International Code of Practice: The Education (Pastoral Care of Tertiary and International Learners) Code of Practice 2021

**An Ríocht Aontaithe**
Accreditation UK (British Council in partnership with English UK): Accreditation UK handbook

**Stáit Aontaithe Mheiriceá**
The Accrediting Council for Continuing Education & Training (ACCET): Accrediting Council for Continuing Education & Training

An Coimisiún um Chreidiúnú Chláir sa Bhéarla (CEA): An Coimisiún um Chreidiúnú Chláir sa Bhéarla

**Ceanada**
Languages Canada, Creat Dearbhaithe Cáilíochta Cheanada: Quality Assurance Framework

**Málta**
Comhairle ELT Mhálta: ELT Council | Fostering the ELT Profession & Industry

## 3 Scéimeanna idirnáisiúnta dearbhaithe cáilíochta

Cumann Idirnáisiúnta na nIonad Teanga, Cód Eitice: Cód Eitice Measúnú agus Creidiúnú Sheirbhísí Teanga ar Ardchaighdeán (Eaquals): Eaquals

**Forais Eorpacha**
European Association for International Education (EAIE), International Student Mobility Charter: Cairt Shoghluaiseachta Idirnáisiúnta na Mac Léinn | EAIE

Eorabharaiméadar: Eorabharaiméadar – Tuairim an phobail san Aontas Eorpach (europa.eu)

## 4 Margaíocht agus earcaíocht eiticiúil

Ráiteas Londan london_statement.pdf (britishcouncil.org).

British Universities' International Liaison Association, Code of Ethical Practice for UK Education Agents: National-Code-of-Ethical-Practice-for-UK-Education-Agents.pdf (buila.ac.uk).

## AGUISÍN A SEACHT: ACMHAINNÍ D'FHOGHLAIMEOIRÍ

1. Faisnéis do Shaoránaigh: gníomhaireacht náisiúnta atá freagrach as tacú le soláthar faisnéise, comhairle agus abhcóideachta don phobal ar an raon leathan seirbhísí sóisialta agus sibhialta: Eolas do Shaoránaigh

2. An Roinn Oideachais agus Scileanna: An Roinn Oideachais

3. An Roinn Dlí agus Cirt: An Roinn Dlí agus Cirt

4. Oideachas in Éirinn; eolas ar dhul i mbun staidéir in Éirinn: Oideachas in Éirinn

5. Europass: tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm aige cabhrú le foghlaimeoirí a chinntiú go mbeidh a gcuid scileanna agus cáilíochtaí intuigthe go soiléir agus go héasca san Eoraip: Europass

6. An Creat Eorpach um Cháilíochtaí: creat tagartha coiteann a chuidíonn le comparáid a dhéanamh idir na córais náisiúnta cáilíochtaí, creataí agus a leibhéil: An Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF)

7. Comhairle na hÉireann do Mhic Léinn Idirnáisiúnta: eagraíocht neamhspleách a thacaíonn le cearta gach foghlaimeora idirnáisiúnta in Éirinn: An Chomhairle do Mhic Léinn Idirnáisiúnta in Éirinn | ICOS

8. An Roinn Dlí is Cirt - Seachadadh na Seirbhíse Inimirce: faisnéis d'fhoghlaimeoirí neamh-AE/LEE: Seachadadh na Seirbhíse Inimirce

9. Is córas 10-leibhéal é An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar cháilíochtaí i gcóras oideachais agus oiliúna na hÉireann. An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí

10. Clár Cáilíochtaí na hÉireann: dearbhú poiblí ar an ngaol foirmiúil, teicniúil idir cáilíocht agus an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí: Clár Cáilíochtaí na hÉireann

11. Aithint Cáilíochtaí faisnéis ar aitheantas acadúil do cháilíochtaí eachtracha in Éirinn: NARIC Éireann Cáilíochtaí Eachtracha

12. Qualifax: An Bunachar Sonraí Náisiúnta d'Fhoghlaimeoiri ina bhfaightear eolas ar chúrsaí breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna: QualifaX An bunachar sonraí náisiúnta d'fhoghlaimeoirí

13. SOLAS: an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna in Éirinn, ar a bhfuil cúram as cláir oiliúna agus cláir bhreisoideachais eile a mhaoiniú, a phleanáil agus a chomhordú: SOLAS

14. Maoiniú do Mhic Léinn: foinse eolais ar thacaíocht airgeadais don bhreisoideachas agus don ardoideachas: Maoiniú do Mhic Léinn | Maoiniú, Rialachas agus Feidhmíocht

## AGUISÍN A hOCHT: GLUAIS GIORRÚCHÁN, ACRAINMNEACHA AGUS TÉARMAÍ

**Bainisteoir Acadúil:** sainmhínítear bainisteoir acadúil mar bhall foirne atá freagrach as bainistíocht acadúil ag soláthraí ELE. Chiallódh sé seo, b'fhéidir,

D'fhéadfadh sé go gciallódh sé seo bainistíocht ar roinn acadúil iomlán, bainistíocht ar chuid, nó ar chodanna, de roinn acadúil, amhail riarachán acadúil, oiliúint múinteoirí, forbairt múinteoirí, foghlaimeoirí óga agus déagóirí, grúpaí agus scrúduithe. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i róil/teidil bainisteoirí acadúla, ach níl sé teoranta dóibh: Príomhoide, Ceann Scoile, Stiúrthóir Staidéir, Stiúrthóir Acadúil/Bainisteoir, Stiúrthóir Cúnta Staidéir, Foghlaimeoir Óga agus Comhordaitheoir Déagóirí, Comhordaitheoir/Bainisteoir Grúpa, Comhordaitheoir/Bainisteoir Scrúduithe, Ceann Oiliúna Múinteoirí, Ceannasaí Forbartha Múinteoirí.

(Féach na riachtanais in Aguisín a Ceathair do bhainisteoirí acadúla.)

**Lárionad:** Sainmhíniú ar 'lárionad' i gcomhthéacs ELE: sainmhínítear lárionad príomha sholáthraí ELE mar an t-áitreabh ina bhfuil na príomhfheidhmeanna agus foirne riaracháin agus acadúla suite. Féadfaidh an lárionad príomha feidhmiú as foirgneamh amháin nó níos mó laistigh den bhaile nó den chathair chéanna ach ní fhéadfaidh ach lárionad príomha amháin a bheith ag soláthraí ELE laistigh de bhaile nó cathair amháin. Ní mór feidhmeanna agus foirne riaracháin agus acadúla a mhacasamhlaú i ngach foirgneamh de réir mar is cuí do riachtanais an fhoghlaimeora agus na foirne. Sainmhínítear lárionad sealadach mar lárionad a úsáidtear ag amanna áirithe den bhliain e.g. i rith an tsamhraidh, bíodh sé laistigh den bhaile nó den chathair chéanna nó i mbaile nó cathair eile sa stát. Ní mór feidhmeanna agus foirne riaracháin agus acadúla a lonnú i lárionaid shealadacha de réir mar is cuí do riachtanais an fhoghlaimeora agus na foirne. Sainmhínítear seomraí ranga sealadacha mar spásanna atá oiriúnach chun ELE a sholáthar go sealadach de réir mar is gá. Ní mór feidhmeanna agus foirne riaracháin agus acadúla a oireann do riachtanais an fhoghlaimeora agus na foirne a bheith lonnaithe san fhoirgneamh céanna leis na seomraí ranga sealadacha, nó sa lárionad príomha. Ní mór seomraí ranga sealadacha a bheith suite laistigh de chiliméadar amháin ón lárionad príomha. Sainmhínítear lárionad ar bith atá suite i mbaile nó cathair eile go dtí an lárionad príomha mar lárionad ar leith.

**CCTE:** An Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha

Foilseacháin Chomhairle na hEorpa, *An Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha: Foghlaim, teagasc, measúnú* (2001:1) ina ndéantar cur síos ar CCTE:

"The Common European Framework provides a common basis for the elaboration of language syllabuses, curriculum guidelines, examinations, textbooks, etc. across Europe. It describes in a comprehensive way what language learners have to learn to do in order to use a language for communication and what knowledge and skills they have to develop so as to be able to act effectively. The description also covers the cultural

context in which language is set. The Framework also defines levels of proficiency which allow learners' progress to be measured at each stage of learning

and on a life-long basis. The Common European Framework is intended to overcome the barriers to communication."

*Gníomhaire oideachais (ar a dtugtar comhpháirtí agus sainchomhairleoir earcaíochta, leis):* is duine aonair nó eagraíocht é gníomhaire oideachais arna choimisiúnú ag soláthraí ELE chun comhairle a chur ar mhic léinn idirnáisiúnta ionchasacha maidir lena chláir agus chun cabhrú leo leis an bpróiseas iarratais.

**ELE:** Cláir Oideachais sa Bhéarla

**ELT:** Teagasc an Bhéarla

**BO:** Breisoideachas

**IFY:** Clár Bonnbhliana Idirnáisiúnta (ar a dtugtar Bonnchlár Idirnáisiúnta air, leis)

**AO:** Ardoideachas

**IEM:** An Marc Idirnáisiúnta Oideachais

**ILEP:** Liosta Eatramhacha na gClár Incháilithe

Sásra arna bhainistiú ag an Roinn Dlí agus Cirt Seachadadh Seirbhíse Inimirce a shainaithníonn cláir ELE agus AO chun foghlaimeoirí neamh-AE/LEE/Eilvéise a earcú ar chláir a mhaireann níos faide ná 12 sheachtain. Ní próiseas dearbhaithe cáilíochta é an ILEP agus ní hionann cuimsiú chláir soláthraí ar an ILEP agus rannpháirtíocht i bpróiseas dearbhaithe cáilíochta. Dúnfar an ILEP ar deireadh nuair a bheidh an marc oideachais idirnáisiúnta curtha i bhfeidhm go hiomlán.

**Ionduchtú:** cuimsíonn ionduchtú sraith gníomhaíochtaí arna seoladh ag soláthraithe ELE le mic léinn nua, trína gcuirtear fáilte roimh na mic léinn; trína mínítear struchtúir agus próisis an tsoláthraí dóibh; trína gcinntítear cur amach ar na háiseanna agus na seirbhísí a chuireann na soláthraithe ar fáil; agus trína gcuirtear ar an eolas iad faoin áit is féidir leo treoir agus tacaíocht a fháil le linn a gcuid ama mar mhac léinn.

**IRQ:** Clár Cáilíochtaí na hÉireann

Seo é bunachar sonraí dámhachtainí, soláthraithe agus clár QQI. Baintear leas ann as an mbunachar sonraí céanna atá mar bhonn agus taca ag QBS agus QHub. Léireofar athruithe ar cheachtar díobh sin san IRQ.

**NARIC:** Ionad Faisnéise Náisiúnta um Aitheantas Acadúil

Soláthraíonn seirbhís NARIC QQI comhairle maidir le haitheantas acadúil do cháilíochtaí eachtracha in Éirinn agus tá ráitis inchomparáideachta do gach cáilíocht atá liostaithe ar fáil le híoslódáil ag foghlaimeoirí.

**CNC:** An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí

Is córas 10-leibhéal é An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar cháilíochtaí i gcóras oideachais agus oiliúna na hÉireann. Léiríonn an CNC conas a dhéantar Dámhachtainí Oideachais Ghinearálta, Dámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna agus Dámhachtainí Ardoideachais a mhapáil i gcoinne 10 leibhéal an chreata. Tá QQI freagrach as an CNC a fhorbairt agus a chothabháil.

**PEL:** Cosaint d’Fhoghlaimeoirí Rollaithe

Tá sé mar aidhm ag Cosaint Foghlaimeoirí Cláraithe (PEL) turas acadúil an fhoghlaimeora a chosaint. Tagraíonn sé do shocruithe a rinneadh do chláir ar leith chun a chinntiú gur féidir le foghlaimeoir an clár atá tosaithe acu a chríochnú más rud é ar chúis ar bith nach bhfuil an clár á thairiscint ag an soláthraí a thuilleadh.

**DC:** Dearbhú Cáilíochta

Is éard is Dearbhú Cáilíochta (DC) ann an rud a dhéanann eagraíocht chun a chinntiú go bhfuil an táirge/na táirgí a dhéanann sí nó an tseirbhís/na seirbhísí a sholáthraíonn sí, chomh maith agus is gá dóibh a bheith chun freastal ar riachtanais agus ar ionchais na gcustaiméirí.

**SOLAS (An tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna):** Is é ról SOLAS ná maoiniú, comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar an bhreisoideachais agus na hoiliúna in Éirinn. Maoiníonn sé na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) agus soláthraithe eile oideachais agus oiliúna poiblí. Is soláthraí é freisin do chláir printíseachta ceardaíochta chomh maith le hoiliúint eile a bhaineann leis an tionscal foirgníochta.

26/27 Lána Denzille,
Baile Átha Cliath 2
Éire.
t +353 (0) 1 905 8100